Bronnadh creidiúnú Cré-umha Athena Swan ar **Scoil na Ríomheolaíochta**, an Institiúid Eolaíochta Sonraí agus **Scoil an Dlí** i mí an Mhárta 2023 freisin. Tar éis an athstruchtúraithe i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, tá **Scoil na nEolaíochtaí Bitheacha** agus Ceimiceacha agus **Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha** i ndiaidh a bpleananna gnímh Athena Swan a chur le chéile agus d'éirigh leo a ngradam Cré-umha a aistriú.

Bhí Searmanas Ghradaim Athena Swan Ireland 2022 ar siúl an 8 Samhain ar Champas Mhaigh Eo d'Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU). Rinne an Dr Maeve Duffy agus an tOllamh Eddie Jones, Comhchathaoirligh na Foirne Féinmheasúnaithe ó Scoil na hInnealtóireachta, cur i láthair ar a raibh déanta ag a Scoil féin le Gradam Airgid Athena Swan a bhaint amach. Ba í seo an chéad ócáid Éireannach Athena Swan a eagraíodh ar an láthair ó 2019 i leith, agus bhí ionadaithe ó institiúidí ar fud na tíre i láthair.



Sa phictiúr ag Searmanas Ghradaim Athena Swan Ireland 2022 – ó chlé: An Dr Helen Maher, an tOllamh Eddie Jones, an Dr Maeve Duffy, Mary Dempsey, an Dr Laura Loftus, an tOllamh Walter Gear, an Dr Ann Ryan, Aoife Cooke (aitheantas Advance HE)



Baill d'Fhoireann Féinmheasúnaithe Athena Swan Scoil na hInnealtóireachta

Gradaim Athena SWAN

 Scoil	 Critéir	 Babhta
Scoil na hEolaíochta & na hInnealtóireachta	Airgead	Aibreán 2022
Scoil an Dí	Cré-umha	Samhain 2022
Scoil na Ríomheolaíochta agus an Institiúid Eolaíochta Sonraí	Cré-umha	Samhain 2022
Coláiste Ósta na Sionna	Cré-umha	Samhain 2022
Scoil na nEolaíochtaí Bitheacha agus Ceimiceacha	Cré-umha (larratas ar Aistriú Gradaim tar éis athstruchtúró a bheith faofa)	Feabhra 2023
Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha	Cré-umha (larratas ar Aistriú Dámhachtana tar éis athstruchtúró a bheith déanta faofa)	Feabhra 2023

Tábla 1: Gradaim Scoile Athena Swan i mBliain Acadúil 2022/23

Gradam Athena Swan
Institiúideach Cré-umha, 2021
11 Scoil le Gradaim Athena
Swan Chré-umha

1 Scoil le Gradam
Athena Swan Airgid



Suirbhé Athena Swan 2023 ar an bhFoireann ar Fad

Rinne an OVPEDI Suirbhé Athena Swan ar an bhFoireann ar Fad i mí Aibreáin/Bealtaine 2023. D'oibrigh an OVPEDI go díreach le Scoileanna agus Aonaid chun níos mó den fhoireann a spreagadh le bheith páirteach sa suirbhé agus chun an próiseas a chuíchóiriú.

Ba é an toradh a bhí ar an gcomhiarracht go bhfuarthas 1,016 freagra, ardú mór ón 495 freagra a tugadh ar an suirbhé Athena Swan a rinneadh in 2021. Beidh freagraí an tsuirbhé, mar aon le sonraí cáilíochtúla, mar bhonn eolais d'fhorbairt pleananna gnímh institiúideacha agus Scoile agus d'iarratais ar chreidiúnú Athena Swan. Úsáidfidh an OVPEDI, i gcomhar lenár gcomhghleacaithe EDI sna Scoileanna agus sna hAonaid, na freagraí seo chun a fháil amach cad é an dul chun cinn atá déanta ag Ollscoil na Gaillimhe agus lena shocrú cad iad na chéad chéimeanna eile a dtabharfar fúthu chun comhionannas inscne a chur chun cinn.

Líonra Seaimpíní Athena Swan

Seoladh [Líonra Seaimpíní Athena Swan](#) Ollscoil na Gaillimhe i mí na Nollag 2022. Is é aidhm an Líonra cabhrú leo siúd a bhfuil baint acu le hobair Athena Swan ar fud na hOllscoile eolas a mhalartú agus tacú le chéile.

Tagann Líonra na Seaimpíní le chéile uair sa ráithe, agus cuirtear [Grúpa Stiúrtha Institiúideach Athena Swan](#) ar an eolas faoi na hábhair a phléitear ann. Sa ghrúpa sin tá Cathaoirligh na bhFoireann Féinmheasúnaithe, na Leas-Déin Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe agus baill den OVPEDI.



Sa phictiúr ag seoladh Líonra Seaimpíní Athena Swan – ó chlé: An Dr Sandra Galvin, an Dr Katarzyna Whysall, an Dr Victoria Hogan, an Dr Deirdre Gilpin, Ollscoil na Banríona, an Dr Helen Maher, an Dr Laura Loftus, Aoife Cooke

Seimineár faoi chreidiúnú Airgid Athena Swan

Reáchtáil an OVPEDI seimineár ar chreidiúnú Airgid Athena Swan an 21 Meitheamh 2023. Thug Uachtarán na hOllscoile, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, an t-aitheasc tosaigh os comhair comhghleacaithe as gach rannóg den Ollscoil. Deis iontach a bhí sa seimineár d'Ollscoil na Gaillimhe ceiliúradh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach go dtí seo ag an institiúid i dtéarmaí Athena Swan. Labhair an Dr Maeve Duffy ó Scoil na hInnealtóireachta in Ollscoil na Gaillimhe faoin ngradam Airgid Athena Swan a fuair siadsan. Bhí cur i láthair ann freisin ó Caroline Murphy ó Scoil Ghnó Kemmy Ollscoil Luimnigh ar an ngradam Airgid a ghnóthaigh siadsan le déanaí, agus ó Sarah Fink ó Athena Swan Ireland. Thug an t-imeacht deis don Ollscoil anailís a dhéanamh le chéile ar na céimeanna nach mór dúinn a ghlacadh chun a chinntiú go n-éireoidh le hiarratais ar leibhéal Scoile agus Institiúide amach anseo agus ba mhór an t-údar misnigh é an oiread sin den fhoireann a bheith i láthair agus a dhúthrachtaí a bhí siad don chomhionannas inscne agus do phróiseas Athena Swan.



Ócáid faoi chreidiúnú Airgid Athena Swan, Meitheamh 2023



Ócáid faoi chreidiúnú Airgid Athena Swan, Meitheamh 2023 - ó chlé: an Dr Laura Loftus, Caroline Murphy, Sarah Fink, an Dr Maeve Duffy, an Dr Helen Maher.

Gréasáin Foirne

Líonra Ban na hOllscoile



Bhí bliain iontach eile ag Líonra Ban na hOllscoile (UWN), agus bhí níos mó ná 500 ball páirteach ann den chéad uair riamh. Bhí an-áthas orthu a bheith ar ais ar an gcampas agus a bheith in ann bualadh le chéile arís. Chuir Líonra Ban na hOllscoile tús leis an mbliain le maidin chaife le hairgead a bhailiú do Scoláirí i mBaol (SAR) i mí Mheán Fómhair 2022. D'éirigh go han-mhaith leis an ócáid. Bhí ríméad ar an Líonra gur bhailigh siad €450 chun tacú lena gcuid oibre le scoláirí a bhfuil bagairt dháiríre á déanamh ar a saol, a saoirse agus a bhfolláine a chosaint.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, thug an Dr Aoibhinn Ní Shúilleabháin an ceathrú Mórléacht Bliantúil Sheehy Skeffington. Tá an tsraith léachtaí seo, ina dtréaslaitear a misneach le daoine a labhraíonn amach in aghaidh an oilc agus na héagóra, ainmnithe in ómós iar-chomhghleacaí linn, an Dr Micheline Sheehy Skeffington, a d'oibrigh go tréan ar son an chomhionannais inscne san ardoideachas, agus a seantuismitheoirí, Hanna agus Francis Sheehy Skeffington, ar fheiminigh agus shufragóirí iad.

Thug Aoibhinn, atá ina hOllamh Cúnta i Scoil na Matamaitice agus an Staidrimh i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus ina taighdeoir Oideachais Matamaitice, caint chumhachtach don slua mór a bhí i láthair faoina taithí ar chiapadh gnéis ag an obair, faoina mhíshásúla a bhí an méid a rinne a hinstitiúid faoi, agus faoina cinneadh labhairt amach go poiblí faoina ndeachaigh sí tríd. Mar gheall ar an méid a tharla di rinneadh athruithe ar chur chuige COBÁC i leith gearán faoi bhulaíocht, ciapadh gnéis agus foréigean gnéis, agus bhí baint nach beag aige leis an méid atá déanta ar bhonn náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar mhí-iompar gnéis agus foréigean gnéis san earnáil oideachais tríú leibhéal trí chéile. Níos lú ná dhá mhí tar éis a haithisc do Líonra na mBan, fuair Aoibhinn leithscéal poiblí ó COBÁC.

I mí Dheireadh Fómhair freisin, thug an Líonra ómós do na cathaoirligh a bhí ag éirí as, an tOllamh Margaret Hodgins agus Imelda Byrne, agus gabhadh buíochas leo as an obair iontach a rinne siad ar son an Líonra. Fágadh slán chomh maith ag na baill den choiste a bhí ag éirí as, agus cuireadh fáilte mhór roimh bhail nua an Choiste Feidhmiúcháin. I mí Feabhra, rinne an Líonra ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde agus ar an lá saoire poiblí nua. Tugadh ómós

d'aon bhan-naomh na hÉireann – agus duine dár n-iliomad bandéithe págánacha – le tae, caife, sóláistí, caint agus comhrá agus rinneadh crosóga Bríde traidisiúnta faoi stiúir an ealaíontóra Fiona Rooney.

Rinneadh Lá Idirnáisiúnta na mBan 2023 a chomóradh le plé bríomhar painéil le roinnt de bhunaitheoirí an Líonra, faoi chathaoirleacht an Leas-Uachtaráin Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, an Dr Helen Maher. Phléigh an painéal na cúiseanna ar bunaíodh an Líonra aon bhliain déag ó shin agus cuid de na nithe is mó atá bainte amach aige ó shin i leith. Dearnadh na coitiantachta: a lán déanta, neart le déanamh!

Bhí an imeacht deiridh a d'óstáil an UWN an bhliain acadúil seo ar siúl ag grianstad an Mheithimh. Thug an Dr Mary McGill, taighdeoir i staidéar na meán agus iar-scoláire Hardiman in Ollscoil na Gaillimhe, cur i láthair iontach suimiúil bunaithe ar a taighde dochtúireachta agus an leabhar a d'fhoilsigh sí in 2021 ar na buntáistí agus na contúirtí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus na meáin shóisialta do mhná.

I rith na bliana, bhailigh Líonra na mBan aiseolas ó na baill maidir leis na tosaíochtaí ba cheart a bheith ag a líonra. I measc na moltaí tá imeachtaí folláine agus níos mó imeachtaí sóisialta a thugann seans do na baill bualadh le chéile. Bítear de shíor ag iarraidh a chur in iúl sa Líonra go bhfuil fáilte roimh gach inscne ann, ní roimh mhná amháin! Tuigeann an Líonra go bhfuil an Coiste Feidhmiúcháin sách aonchineálach agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaí níos mó éagsúlachta a bheith ag baint leis. Leanann an Líonra air ag tarraingt aird ar cheisteanna 'oidhreachta', lena n-áirítear an bhearna pá inscne, a d'eascair as na blianta d'éagothroime inscne agus ag éileamh go ndéanfaí gníomh lena leigheas.

Tabharfar eolas maidir leis an gcúigiú léacht bhliantúil Sheehy Skeffington go luath. Tá sé deimhnithe gurb í an cainteoir a bheidh ann ná Leifteanant-Cheannasaí an Gharda Cóstá Kimberly Young-McClear, a fuair Gradam Náisiúnta na Stát Aontaithe do Sceithirí in 2019 as an obair a rinne sí maidir le mí-úsáid shuntasach chumhachta Gharda Cóstá na Stát Aontaithe agus iad ag láimhseáil líomhaintí bulaíochta, ciaptha agus idirdhealaithe.

I Márta 2023 den chéad uair riamh d'eagraigh na trí líonra foirne EDI – an UWN, Líonra Foirne LGBT+ agus an Líonra Foirne Idirnáisiúnta an chéad imeacht riamh i gcomhar le chéile. Caifé éagsúlachta a bhí ann, a reáchtáladh mar chuid de shraith imeachtaí comórtha na chéad Seachtaine Frithchiníochais Nelson Mandela san Ollscoil. Roinn na rannpháirtithe a dtaithe ar idirdhealú díreach agus indíreach ar fhorais inscne, ciníocha/eitneachais, reiligiúin, náisiúntachta, stádais teaghlaigh, agus treoshuímh gnéis. D'fhreastail go leor daoine ar an imeacht agus cuireadh aiseolas ó bhord díospóireachta gach líonra ar aghaidh chuig an OVPEDI.



An Dr Aoibhinn Ní Shúilleabháin leis na hiarChathaoirligh ar Líonra Ban na hOllscoile, an tOllamh Margaret Hodgins agus Imelda Byrne



Ó chlé Comhchathaoirligh Líonra na mBan, an Dr Edel Hughes agus Jane Ennis le bunaitheoirí an Líonra, an Dr Rachel Hilliard, Aoife Cooke, an Dr Pat Morgan agus Nicola McNicholas, agus an Leas-Uachtarán do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, an Dr Helen Maher, Lá Idirnáisiúnta na mBan 2023.



Ócáid Lá Fhéile Bríde le Fiona Rooney

An Lónra Foirne Idirnáisiúnta

Bhí an Lónra Foirne Idirnáisiúnta (ISN) ag obair go cianda go dtí Earrach 2022 agus nuair a d'fhill siad chuir Féile an Earraigh tús le gníomhaíochtaí ar an láthair i mBealtaine 2022, féile a raibh ar fhreastail go leor daoine uirthi. Ó shin i leith, tá méadú tagtha ar bhallraíocht an Lónra go 175 ball ó 35 tír. Díróidh i mbliana ar chomhoibriú le foireann ionductaithe AD chun feabhas a chur ar an Eolas Fáilte agus ar an ionductú a chuirtear ar fáil do chomhaltaí foirne idirnáisiúnta nua. Chuir an cúigear ball den ISN atá ar an gComhairle Acadúil ceisteanna faoi thithíocht, rialacháin víosaí, agus polasaithe méala dóibh siúd a bhfuil orthu taisteal thar lear faoi bhráid Phobal na hOllscoile. Chuidigh baill an Lónra atá ar Choiste Campais EDI le forbairt a dhéanamh ar an gcreat agus an plean gnímh nua do Chomhionannas Ciníochá agus thug siad tacaíocht do bhaill le próisis ghearáin. Mar thoradh air sin, fostaíodh Oifigeach Idirchaidrimh Idirnáisiúnta ar an bhfoireann AD chun tacú le foireann idirnáisiúnta nua agus déileáil le hábhair AD eile a mbíonn tionchar díréireach acu ar an bhfoireann idirnáisiúnta. Tá obair ar bun chun seoladh poist a chur ar fáil do dhaoine atá ag bogadh ó thar lear agus féachaint le bacainní ar thaisteal chuig comhdhálacha a bhreithniú in iarratais ar ardú céime. Ceadóidh an Polasaí Méala nua, le cabhair ó ionchur an Lónra, tréimhsí saoire le pá níos faide i gcúinsí deacra, mar shampla nuair atá taisteal thar lear i gceist.

I mí Feabhra 2023, d'eagraigh an Lónra Seó Bóthair Coláiste le baill a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa Suirbhé Comhionannais Ciníochá agus chun téamaí fócais a bhailiú maidir le tosaíochtaí oibre amach anseo. An 13 Meitheamh, bhain baill an Lónra sult as a gcóisir shamhraidh.



Comhchathaoirligh Foirne Idirnáisiúnta: An Dr Dinali Wijeratne & An Dr Tina-Karen Pusse



Cóisir Shamhraidh an Lónra Foirne Idirnáisiúnta, Meitheamh 2023

Líonra Foirne LGBT+



LGBT+ Staff Network

Tá an Líonra Foirne LGBT+ meáite ar leas daoine LGBTQ+ a chosaint agus a chur chun cinn agus chomh maith leis sin timpeallacht shábháilte agus chuimsitheach a chruthú san Ollscoil do dhaoine ó mhionlaigh inscne agus gnéis. Áirítear ar bhaill an choiste: Aidan Harte, Ann-Marie Hanlon, Bharathi Raja Asoka Chakravarthi, Cameron Keighron, Chris Noone, Declan Coogan, Jacqueline Murphy, Lisa Walsh, Michal Molcho, agus Rebecca Connolly.

Bhí bliain ghnóthach ag an Líonra in 2022/23. Ghlac baill an Líonra páirt i mBród na Gaillimhe agus i mBród Shligigh i mí Lúnasa 2022.

Bhí Cruinnithe Sóisialta míosúla na Chéad Aoine ar siúl i gcaitheamh na bliana. Seoladh tionscnamh rathúil nua de chuid Líonra Foirne LGBT+ i mí Eanáir 2023: an Queer Cinema Club a bhíonn ar siúl go míosúil i bPictiúrlann an Pháláis. I measc na mbuaicphointí bhí na scannáin All About My Mother, A Date for Mad Mary agus El Rubio. Cuirfear tús an athuair leis an Queer Cinema Club sa bhliain acadúil nua.

I mí Feabhra 2023, sheol an Coiste aighneacht scríofa chuig an OVPEDI mar chuid den chomhairliúchán chun Creat agus Plean Gnímh do Chomhionannas Ciníoch a fhorbairt.

Lean baill den Líonra Foirne LGBT+ ar aghaidh ag obair ar bhealaí eile ar fud an champais: mar shampla, ag glacadh páirte sa Cheardlann maidir le Meas ar an 14 Deireadh Fómhair 2022, agus rannpháirtíocht rialta leanúnach ar an gCoiste Campais Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe agus ar an gCoiste d'Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh.

Le linn an AGM ar an 21 Lúnasa 2022, seoladh an Tionscadal 'Exploring LGBTQ+ Lives at the University of Galway', atá maoinithe ag Oifig an Uachtaráin – Tionscadal Taighde ar Stair na hOllscoile le tacaíocht ón Líonra Foirne LGBT+. Cuireann sé seo le torthaí an tionscadail taighde roimhe seo, 'Mapping LGBTQ+ Lives at University of Galway' agus tá sé mar aidhm aige tuilleadh a fháil amach faoi chomhpháirtíochtaí idir an Ollscoil agus pobail níos leithne maidir le forbairt chearta LGBTQ+. Aithneoidh an tionscadal freisin an méid atá fós le déanamh chun cearta iomlána LGBTQ+ a bhaint amach i nGaillimh agus in Éirinn agus chun comhpháirtíochtaí a mholadh idir foireann na hollscoile, mic léinn agus an pobal i gcoitinne chun comhionannas a bhaint amach go hiomlán do dhaoine LGBTQ+. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal ach teagmháil a dhéanamh le declanp.coogan@universityofgalway.ie

Sa bhliain acadúil atá le teacht, tá sé beartaithe ag an Líonra níos mó imeachtaí a chur ar siúl i gcomhar leis an Líonra Foirne Idirnáisiúnta agus Líonra Ban na hOllscoile, cruinnithe sóisialta míosúla a eagrú agus an Queer Cinema Club a reáchtáil, i measc imeachtaí eile. Freastalóidh baill an líonra go gníomhach ar imeachtaí Bróid ar fud na tíre agus tá siad ag tnúth le ceiliúradh a dhéanamh ar 30 bliain ó rinneadh an homaighnéasachas a dhíchoiriú in Éirinn. Déanfaidh an ócáid 'Out/laws – 30 years since decriminalisation of homosexuality in Ireland' ceiliúradh ar an méid a baineadh amach go dtí seo agus díreofar ar an méid atá fós le déanamh chun cearta na bpobal LGBTQ+ a chur chun cinn.

Tá tuilleadh eolais faoin líonra agus faoin gcaoi le d'ainm a chur leis an liosta seoltaí ag <https://www.universityofgalway.ie/equalityanddiversity/networks/lgbt-network/>



Ardú Bliantúil na Brataí Bróid sa Chearnóg, mar chuid de cheiliúradh Bhród na Gaillimhe, Lúnasa 2022. Ó chlé: An Dr Chris Noone, an Dr Helen Maher, Cameron Keighron, Sai Gujulla, Laura O'Connor, an Dr Declan Coogan.

Sa bhliain acadúil atá le teacht, tá sé beartaithe ag an Líonra níos mó imeachtaí a chur ar siúl i gcomhar leis an Líonra Foirne Idirnáisiúnta agus Líonra Ban na hOllscoile, cruinnithe sóisialta míosúla a eagrú agus an Queer Cinema Club a reáchtáil, i measc imeachtaí eile. Freastalóidh baill an líonra go gníomhach ar imeachtaí Bróid ar fud na tíre agus tá siad ag tnúth le ceiliúradh a dhéanamh ar 30 bliain ó rinneadh an homaighnéasachas a dhíchoiriú in Éirinn. Déanfaidh an ócáid 'Out/laws – 30 years since decriminalisation of homosexuality in Ireland' ceiliúradh ar an méid a baineadh amach go dtí seo agus díreofar ar an méid atá fós le déanamh chun cearta na bpobal LGBTQ+ a chur chun cinn.



Aitheantas a thabhairt dóibh siúd a bhfuil obair éachtach déanta acu do EDI

Gradaim an Déin don Teagasc Cuimsitheach – Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

I mbliana, tá Gradam Dhéan CBPPL don Teagasc Cuimsitheach curtha in oiriúint go sonrach do thionscnaimh theagasc atá bunaithe ar phrionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL).

Is sraith prionsabal é Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim [UDL] d'fhorbairt curaclaim a thugann deiseanna comhionanna foghlama do gach duine, lena n-áirítear mic léinn a bhfuil dúshláin foghlama ar leith acu. Tá sé mar aidhm ag UDL eispéireas oideachasúil na mac léinn uile a fheabhsú trí mhodhanna teagasc, measúnaithe agus soláthar seirbhíse níos solúbtha a thabhairt isteach chun freastal ar éagsúlacht na bhfoghlaimoirí inár seomraí ranga. [<https://www.ahead.ie/udl>]

Is féidir le mic léinn nó le comhghleacaithe duine d'fhoireann CBPPL a ainmniú, agus is féidir leo iad féin a ainmniú chomh maith. Faoin ngradam nuashonraithe, gheobhaidh gach dámhachtaí Deontas Forbartha Teagasc ar luach €1,000 ar féidir é a úsáid chun trealamh a cheannach, chun páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha, chun an teagasc a fhorbairt, nó chun críche aon chuspóra ábhartha eile. Bronntar suaitheantas digiteach feisín ar gach duine a fhaigheann gradam, ar féidir é a úsáid do láithreán gréasáin nó chun críocha margaióchta.

In 2022, bronnadh gradaim ar: Ann Torres, Anastasia Griva agus Elaine Wallace, ón Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta, Pamela Likely, Coláiste Ósta na Sionna, agus Maeve O'Rourke, Scoil an Dlí.

Gradam Dhéan Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte do EDI & an tionscnamh 'A Day in the Life'

Lean an Leas-Déan EDI agus an Bainisteoir Tionscadail EDI ag forbairt scéimeanna aitheantais foirne chun cultúr foriomlán EDI a fheabhsú laistigh de Choláiste an Altranais, an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte.

Tugann Gradaim Dhéan CMNHS aitheantas agus léiriú ar obair, éachtaí agus/nó feidhmíocht na foirne atá ag obair ar fud an Choláiste. Tá sé mar aidhm ag Gradaim an Déin deis fhoirmiúil a chur ar fáil chun béim a chur ar obair eisceachtúil comhghleacaithe sna catagóirí foirne go léir mar atá Acadúil, Taighde, Riarachán agus Teicniúil.

In 2020/2021, seoladh tionscnamh nua: [Scéalta 'A Day in the Life'](#). Roinneadh scéalta ó chomhaltáí foirne an Choláiste sa tionscnamh 'A Day in the Life', áit ar tugadh léargas ar an bpost atá acu agus ar an gcaoi a gcuireann siad leis an gColáiste.



Gradam an Déin don Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta
An Dr Róisín Dwyer



Gradam an Déin don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnú
An Dr Ailish Hynes



Gradam an Déin don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
An Dr Sinéad Lydon



Gradam an Déin don Taighde & Staidéar Iarchéime
An tOllamh Garry Duffy



Gradam an Déin don Rannpháirtíocht Phoiblí
An Dr Hazel Killeen

Gradam Michael McDonagh do Shármhaitheas Lucht Tacaíochta Phobal Taistealaithe na hÉireann

Bronnadh Gradam Michael McDonagh do Shármhaitheas Lucht Tacaíochta Phobal Taistealaithe na hÉireann ar Owen Ward, Bainisteoir Cláir EDI do Chomhionannas Ciníochá in Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. Bronnadh an gradam ar Owen ag searmanas oscailte Lá Eitneachta na dTaistealaithe in Ollscoil na Gaillimhe ar an 27 Feabhra as an obair éachtach atá déanta aige chun tacú le Taistealaithe na hÉireann dul ar aghaidh chuig an ardoideachas.

Bunaíodh Gradaim Michael McDonagh do Shármhaitheas Lucht Tacaíochta Phobal Taistealaithe na hÉireann chun aitheantas a thabhairt do sháriarrachtaí na gcomhaltaí foirne sin a léirigh ceannaireacht maidir le rannpháirtíocht an phobail a chothú i stair agus i gcultúr Thaistealaithe na hÉireann, rannpháirtíocht iomlán Thaistealaithe na hÉireann san oideachas a spreagadh, agus cearta an duine do Thaistealaithe na hÉireann a chur chun cinn. Ainmníodh an gradam in ómós do Michael McDonagh, nach maireann, a sheas an fód ar son Thaistealaithe na hÉireann le breis agus caoga bliain.



Sa phictiúr ag Gradam Michael McDonagh do Shármhaitheas Lucht Tacaíochta Phobal Taistealaithe na hÉireann - Ó chlé: Owen Ward, an Seanadóir Eileen Flynn agus an tUachtarán Ciarán Ó hÓgartaigh

Spríoc 2:

Tugtar tacaíocht ghníomhach do gach comhalta foirne agus mac léinn de réir a gcuid riachtanas chun a lánacmhainneacht a bhaint amach

ing curiosity and idea
ng creativity and innov
ng entrepreneurship.



tion.
vation.

Ideas Lab



Comhionannas Inscne

Plean Gnímh Comhionannais Inscne 3 (GEAP3)

Cuimsíonn Plean Gnímh Comhionannais Inscne 3 de chuid Ollscoil na Gaillimhe plean gnímh Institiúideach Athena Swan 2021, gníomhaíochtaí comhionannais inscne ón Straitéis EDI 2020-25; Plean Feidhmiúcháin – Ag cur Deireadh le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis in Institiúidí Ardoideachais; gníomhaíochtaí nár cuireadh i bhfeidhm ó Phlean Gnímh Comhionannais Inscne 2 (GEAP2), agus moltaí ó na hAthbhreithnithe Náisiúnta ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann.

Tagann Grúpa Stiúrtha Institiúideach Athena Swan le chéile uair sa ráithe agus déanann sé monatóireacht ghníomhach ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar na gníomhaíochta.

Tá sé phríomhréimse cúraim ag GEAP 3:



Cultúr na hEagraíochta agus Cothromaíocht Oibre/Saoil



Comhtháthú ar an nGné Inscne in Ábhar Taighde agus Teagaisc



Cothromaíocht Inscne sa Cheannaireacht



Bearta i gCoinne Foréigean Inscne-bhunaithe lena n-áirítear Ciapadh Gnéis



Comhdheiseanna san Earcaíocht agus sa Dul Chun Cinn Gairme



Comhionannas Inscne a leabú lena n-áirítear Trasnú Tréithe eile ar fud Ollscoil na Gaillimhe

Líon na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích, atá ar siúl, nár cuireadh tús leo agus atá i mbaol:

		Neamhthosaithe	Ar Bun – Mar a beartaíodh	Ar Bun – Moill air	I mBaol	Curtha i gCrích	
Gníomhaíochtaí Iomlána:		152					
Gníomhaíochtaí Iomlána de réir catagóire:	Cultúr na hEagraíochta agus Cothromaíocht Oibre is Saoil	39	5	18	11	0	5
	Cothromaíocht Inscne sa Cheannaireacht agus sa Chinnteoireacht	7	1	2	3	0	1
	Comhdheiseanna san Earcaíocht agus sa Dul Chun Cinn Gairme	73	7	47	6	1	12
	Comhtháthú ar an nGné Inscne in Ábhar Taighde agus Teagaisc	2	0	0	2	0	0
	Bearta i gCoinne Foréigean Inscne-bhunaithe lena n-áirítear Ciapadh Gnéis	5	0	2	0	0	3
	Comhionannas Inscne a leabú lena n-áirítear Trasnú Tréithe eile ar fud Ollscoil na Gaillimhe	26	1	19	2	0	4



SDG5 – Comhionannas Inscne: rangaithe idir 101-200 as 1081 institiúid ar fud an domhain.

Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2022

Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 tugadh bonn reachtúil do thuirisciú ar an mbearna phá idir na hinscín in Éirinn agus foilsíodh rialacháin nua faoin Acht i mí an Mheithimh 2022. Bhí dualgas ar eagraíochtaí a bhfuil breis agus 250 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar an mBearna Phá idir na hInscní den chéad uair in 2022. Ní mór go n-áireofaí i dtuarascálacha ar an mBearna Phá idir na hInscní an bhearna phá mheánach agus airmheánach in aghaidh na huair, léiríonn an chéad cheann an raon pá iomlán in eagraíocht, agus sa dara ceann ní dhéantar tionchar mírialtachtaí a áireamh i.e. iad siúd a thuilleann méid an-mhór nó méid an-bheag. Tá sainordú tugtha chomh maith tuairisciú a dhéanamh ar na bearnaí pá meánacha agus airmheánacha d'fhostaithe páirtaimseartha agus d'fhostaithe sealadacha. Ina theannta sin, is gá go gcuimsítear sna ceanglais tuairiscithe ar an gcomhréir d'fhostaithe fir agus mná sna bandaí pá sa cheathairil íochtair, íochtair láir, uachtair láir agus uachtair. Is ionann an GPG agus an difríocht idir meánphá in aghaidh na huair d'fhir agus do mhná san fhórsa saothair, arna thomhas thar thréimhse dhá mhí dhéag.

Mar is eol do chomhghleacaithe, tá an GPG á ríomh agus á fhoilsiú ag Ollscoil na Gaillimhe ó 2019 i leith, sula raibh an ceanglas reatha reachtúil orainn é sin a dhéanamh. Faoi rialacháin nua 2022, tá roinnt difríochtaí suntasacha idir an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an GPG a ríomh sna blianta roimhe sin (2018-2021) agus iniúchadh 2022.

Tá GPG na hOllscoile (2018-2021) bunaithe ar léargas ar phá fostaithe an 31 Márta gach bliain, ach cuireann GPG 2022 luach saothair na bhfostaithe san áireamh don tréimhse 12 mhí roimh an dáta an 30 Meitheamh 2022. Tá tuarascáil 2022 bunaithe ar 2,503 comhalta foirne: 925 acadóir, 638 taighdeoir agus 940 comhalta foirne sna Seirbhísí Tacaíochta Gairmiúla agus ríomhtar é de réir líon na bhfostaithe seachas de réir coibhéis lánaimseartha (FTE), mar a úsáideann eagraíochtaí scaití. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, d'ullmhaigh na comhairleoirí seachtracha PwC na sonraí do thuarascáil 2022.

I gcás GPG 2022, is é 18.6% an bhearna phá mheánach idir na hinscín agus is é 15.5% an bhearna phá airmheánach (Fíor 1). Tugann sé seo le fios go bhfuil difear 18.6% sa mheánphá d'fhir agus do mhná in aghaidh na huair agus é curtha in iúl mar chéatadán den mheánphá in aghaidh na huair d'fhir beag beann ar nádúr na hoibre, ar an ról nó ar shinsearach. Nó, nuair a dhéanaimid comparáid idir pá airmheánach in aghaidh na huair, tuilleann bean 84c in aghaidh gach €1 a thuilleann fear. Léirítear i sonraí GPG 2022 go bhfuil an GPG meánach in Ollscoil na Gaillimhe tar éis fanacht réasúnta comhsheasmhach le laghdú beag ó 2018 i leith.

Fíor 1: An Bhearna Phá Fhoriomlán idir na hInscní (30 Meitheamh 2022)



Páirtaimseartha

Bearna Phá Mheánach 35.80%
Bearna Phá Airmheánach 8.60%

Sealadach

Bearna Phá Mheánach 3.60%
Bearna Phá Airmheánach -4.10%

Ag teacht le tuarascálacha roimhe seo, is i gcatagóir na foirne acadúla (21.3% meánach) is suntasaí atá GPG meánach 2022, ar léiriú é sin, den chuid is mó, ar ionadaíocht na bhfear agus na mban sna gráid acadúla shinsearacha. I gcodarsnacht leis sin, is iad gráid foirne na Seirbhísí Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta (PMSS) is mó a chuireann leis an GPG meánach.


Tugann na sonraí GPG d'fhoireann PMSS le fios gur mó an seans go mbeidh gráid níos airde ag fir, cé go bhfuil i bhfad níos mó ban sa chatagóir foirne seo. Léiríonn sé seo easpa soghluaisteachta aníos d'fhoireann PMSS. I gcás na foirne taighde, is é 6.0% an bhearna phá mheánach, agus is é 8.1% an t-airmheán (Tábla 1).

Sonraí ar leibhéal Institiúideach/Catagóire	GPG Meánach	GPG Airmheánach	Líon Foirne
Ollscoil na Gaillimhe - University of Galway	18.6%	15.5%	2,503
Acadúil	21.3%	5.0%	925
PMSS	14.2%	15.2%	940
Taighde	6.0%	8.1%	638

Tábla 1: An Bhearna Phá idir na hInscní de réir Catagóir Foirne (30 Meitheamh 2022)

Comhréir na bhFostaithe i ngach Ceathairl – 2022

Léiríonn na sonraí ar fhostaithe fir agus mná a bhfuil ionadaíocht acu i ngach ceann de na bandaí ceathairle go bhfuil sciar níos airde ban sna ceathairleanna íochtair, íochtair láir agus uachtair láir (Fíor 2). Tá sé seo mórán mar a chéile i gcomparáid le sonraí na mblianta roimhe seo.



Fíor 2: Céatadán na bhfostaithe fir agus mná a thagann isteach i mbandaí pá ceathairle (2022)

D'ainneoin an dul chun cinn mall agus ar cúis díomá é maidir le feabhas a chur ar an mbearna phá idir na hinscní, tá an Ollscoil fós tiomanta do chur chuige réamhghníomhach agus forásach chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime inscne ar bhealach ilghnéitheach, agus í ar an eolas faoi na bealaí iomadúla ina léirítear éagothroime dá leithéid. Tugann tuarascáil [GPG 2022](#) léargas cuimsitheach ar shonraí agus anailís phríomha an GPG in 2022, mar aon leis na bearta a tugadh isteach go dtí seo chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas inscne, lena n-áirítear freagairt don bhearna phá. Ina theannta sin, cuireann an tuarascáil tuilleadh faisnéise comhthéacsúla ar fáil a chuireann na bearta seo i gcomhthéacs institiúideach níos fadtéarmaí, ag eascairt ón Tascfhórsa ar Chomhionannas Inscne a bhunaigh an Ollscoil in 2015. Cé go bhfuil fianaise ar dhul chun cinn maidir le hardú céime acadúil,

cothromaíocht inscne san ionadaíocht, rialachas agus bonneagar institiúideach, chomh maith le pleananna comhionannais inscne le gníomhaíochtaí spriocdhírthe, measann Foireann Bainistíochta na hOllscoile go bhfuil obair fós le déanamh chun ár gcuspóir straitéiseach de laghdú suntasach ar an GPG a bhaint amach. Ina theannta sin, tuigtear go bhfuil laghdú na bearna pá idir na hinscní nasctha go dlúth le baint amach an chomhionannais inscne ag gach leibhéal mar ábhar a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis in earcaíocht, coinneáil agus dul chun cinn. Áireofar le hanailís bhreise ar shonraí na bearna pá idir na hinscní le linn 2023 scrúdú ar an GPG roinnte ag leibhéal an Choláiste, chomh maith le grúpa oibre a bhunú le hionadaíocht shinsearach ó gach Coláiste chun na hidirghabhálacha is oiriúnaí agus is éifeachtaí a chinneadh.

Lá Idirnáisiúnta na mBan 2023

D'eagraigh an OVPEDI agus comhghleacaithe ar fud na hOllscoile réimse imeachtaí idir an 6 agus an 10 Márta chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, 2023.

“Fixing the women”? Tacaíochtaí do Chomhaltaí Foirne Mná san Ardoideachas, 6 Márta

Glactar leis go forleathan gur ann do chaidreamh cumhachta inscne atá fréamhaithe go domhain san Ardoideachas, in Éirinn agus ar fud an domhain, agus gur féidir le struchtúir agus cleachtais eisiámhacha feidhmiú mar bhacainní ar mhná a bheith ag obair san Ardoideachas. Foilsíodh dara hAthbhreithniú Náisiúnta an ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann i mí na Nollag 2022 agus is céim nua í in aistear comhionannais inscne Ardoideachas na hÉireann. Bhreithnigh an painéal seo na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ó athbhreithniú an ÚAO in 2016 ar chomhionannas inscne san Ardoideachas, agus tionchar na ngníomhartha a tugadh isteach. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le comhionannas inscne ar leibhéal éagsúla ón uair a rinneadh athbhreithniú an ÚAO in 2016 agus plean gnímh an Tascfhórsa ar Chomhionannas Inscne in 2018, ach tá ceisteanna fós ann. Bhreithnigh an painéal seo an bhfuil neamhionannas fréamhaithe go córasach i struchtúir Ardoideachais agus sa

tsochaí i gcoitinne, agus céard iad na bearta is féidir a thabhairt isteach chun na bacainní sin a sháru gan díriú ar “caoi a chur ar na mná”?

Painéal na hInscne sa Taighde, 7 Márta

Tar éis “Tuarascáil Ghrúpa Oibre Chomhairle Acadúil Ollscoil na Gaillimhe maidir leis an bhFoireann Taighde” a sheoladh in 2022, phléigh an painéal seo an aeráid ó thaobh inscne agus taighde in Ardoideachas na hÉireann, na constaicí a bhíonn roimh an bhFoireann Taighde, agus an chaoi a d'fhéadfaí tacaíocht a chur ar fáil don chohórt foirne seo amach anseo. Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomórath, díriodh aird ar leith ar conas is féidir le nádúr neamhbhuan conarthaí taighde gearrthéarmacha, agus fachtóirí eile, tionchar díobhálach a imirt ar Chomhaltaí Foirne Taighde Mná go háirithe.

“Má bhí saol compordach agat, céim síos atá sa chothromas”

an Dr Maria Quinlan, ó Phainéal na hInscne sa Taighde do Sheachtain Idirnáisiúnta na mBan 2023 a rinne iniúchadh ar na mór-shaincheisteanna don Fhoireann Taighde lena n-áirítear neamhchinnteacht agus conas a d'fhéadfaí dul i ngleic leo ar bhealach réamhghníomhach.



“Fixing the women”? Tacaíochtaí do Chomhaltaí Foirne Mná san Ardoideachas, 6 Márta - ó chlé: An tOllamh Margaret Hodgins, Ollscoil na Gaillimhe; Niamh O'Donoghue, Cathaoirleach 2ú hAthbhreithniú Náisiúnta an ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, an Dr Monica O'Mullane, UCC, agus an Dr Helen Maher, Leas-Uachtarán EDI, Ollscoil na Gaillimhe.



Painéal na hInscne sa Taighde, 7 Márta - ó chlé: Sinéad Beacom, Ceann an Ionaid Forbartha Taighdeoirí, an Dr Oonagh Meade, Grúpa Oibre Foirne Taighde Ollscoil na Gaillimhe, an Dr Maria Quinlan, FSS, agus an tOllamh Jim Livesey, Leas-Uachtarán Taighde & Nuálaíochta.



Seachtain Idirnáisiúnta na mBan, Ollscoil na Gaillimhe 2023



I measc na réimsí ardleibhéal ar cuireadh béim orthu ag na himeachtaí bhí:

- “Fixing the Women” vs socrú an chórais.
- Tacaíocht agus coinneáil Comhaltaí Foirne Taighde atá i bhfostaíocht neamhbhuan.
- Mar a d’fhorbair Ollscoil na Gaillimhe ó thaobh an chomhionannais inscne de.
- Eacnamaíocht feimineachais.
- Na hagóidí san Iaráin le déanaí.
- Aghaidh a thabhairt ar an mbearna idir na hinscní i dtáirgiúlacht talmhaíochta san Afraic.
- Nuálaíocht agus fiontraíocht na mban.
- Mná a chumasú trí chóitseáil.

Téamaí lárnacha ag teacht chun cinn ó Sheachtain Idirnáisiúnta na mBan 2023 in Ollscoil na Gaillimhe



Oibríonn gach comhalta foirne le chéile chun athrú ó bhonn a chothú maidir le comhionannas inscne, agus bíonn gach inscne agus gach catagóir foirne ag gach leibhéal den eagraíocht ag oibriú air seo go gníomhach.



An gá atá le tacaíocht infheicthe ón gceannaireacht shinsearach don chomhionannas inscne, Athena Swan, agus tionscnaimh EDI níos leithne.



An gá atá le hobair chomhionannais, éagsúlachta agus chuimsithe a aithint, tacú léi agus ceiliúradh a dhéanamh uirthi, lena n-áirítear obair Athena Swan. Ní mór dúinn a mheas cá bhfuil an tacaíocht ag dul agus cá bhfuil ár dtosaíochtaí.

Tionscnamh do Cheannaireacht Shinsearach Acadúil (SALI)

Tá lúcháir orainn fáilte a chur roimh cheapachán an Ollaimh Helen Blanchard a thosaigh ag obair in Ollscoil na Gaillimhe i mí an Mhárta 2023 mar Ollamh Bunaithe le Ceimic i Scoil na nEolaíochtaí Bitheacha agus Ceimiceacha, Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta.

Ceapadh an tOllamh Blanchard faoin dara babhta den Tionscnamh do Cheannaireacht Shinsearach Acadúil (SALI). Cuireann sé seo lenár rathúlacht sa chéad bhabhta maoinithe in 2019/20, inar cheadaigh an ÚAO maoiniú do dhá phost shinsearach ceannaireachta acadúla d’Ollscoil na Gaillimhe i réimsí na hInnealtóireachta agus Sláinte Daoine Scothaosta. Is príomhchuspóir de chuid an tionscnaimh iarrthóirí mná den chéad scoth a mhealladh ó earnáil an Ardoideachais in Éirinn agus thar lear.

Sular ceapadh in Ollscoil na Gaillimhe í, d’oibrigh an tOllamh Blanchard mar acadóir ar feadh 20 bliain san Astráil, le déanaí mar Cheann ar Scoil na Ceimice agus na Bitheolaíochta Móilíní, agus mar bhall den institiúid taighde Molecular Horizons, in Ollscoil Wollongong, New South Wales. Faoi láthair tá sí ina hOllamh Cúnta ag an Institute for Glycomics, Ollscoil Griffith, Queensland áit a raibh sí ina ceannaire ar ghrúpa taighde ó 2002 i leith, bhí sí ina Stiúrthóir Taighde Ardchéime (Griffith Sciences, 2013–2019), agus in 2018 ceapadh í ina Leas-Déan Taighde ar Griffith Sciences.



An tOllamh Helen Blanchard, Ollamh Bunaithe le Ceimic i Scoil na nEolaíochtaí Bitheacha agus Ceimiceacha, Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta

An Grúpa Comhairleach Seachtrach ar Chomhionannas Inscne (EAG)

Reáchtáladh an séú cuairt bhliantúil den Ghrúpa Comhairleach Seachtrach ar Chomhionannas Inscne (EAG) go hibrideach ar an 11 Deireadh Fómhair 2022. Bhuail an EAG le baill d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile; Oifig EDI; an Coiste Campais Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe; agus an Coiste Comhionannais, Éagsúlachta, Cuimsithe agus Acmhainní Daonna. Bhain na réimsí ardleibhéil béime ar tharraing an EAG aird orthu le dul chun cinn gairme, cumarsáid agus monatóireacht leanúnach ar ghníomhartha. Tugadh aird ar leith ar a thábhachtaí atá sé an Múnla Leithdháilte Ualaigh Oibre agus an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a thabhairt chun críche. Tá cothromaíocht inscne ar choistí agus ar ghrúpaí oibre fós ina chuspóir tábhachtach, thug an

grúpa faoi deara go bhfuil sé riachtanach a chinntiú go dtugtar aitheantas cuí do rannpháirtíocht san EDI san Ollscoil. Tugadh faoi deara go raibh gá le tuilleadh beart chun tionchar Covid-19 a mhaolú. Mhol an grúpa comhairleach an bhéim ar chur chuige trasnaithe a ghlacadh maidir le tiomantas don chomhionannas. Léiríodh inní maidir le haidhm straitéiseach na hOllscoile an Bhearna Phá idir na hInscní a laghdú i bhfianaise stádas na bearna faoi láthair. Mhol an grúpa comhairleach bearta dearfacha gníomhaíochta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá chomh maith le gníomhartha eile lena n-áirítear an fhéidearthacht breathnóirí claontachta a thabhairt isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar roghnúcháin, ar arduithe céime agus ar phróisis earcaíochta.

Aurora

Reáchtáilann Advance HE clár forbartha ceannaireachta Aurora do mhná amháin arb é is aidhm leis príomhthopaicí agus scileanna ceannaireachta a chur i láthair i gcúig cheardlann. Anuas air sin, bíonn deiseanna líonraithe agus aoichainteoirí ag gach ócáid, agus an seans ag rannpháirtithe labhairt le mná eiseamláireacha. Lena chois sin, cinntítear tacaíocht leanúnach trí ghníomhfhoghlaim (dhá lá leagtha amach mar chuid den chlár), acmhainní ar líne agus tacaíocht ag leibhéal institiúideach lena n-áirítear meantóireacht.

Tacaíonn Ollscoil na Gaillimhe le mná i róil acadúla, i seirbhísí gairmiúla tacaíochta, agus i róil theicniúla agus thaighde – ag leibhéal iardhochtúireachta, suas

go ról oifigigh riaracháin agus gráid léachtóra shinsearaigh ar mian leo scileanna a fhorbairt agus na saincheisteanna a bhaineann le deiseanna ceannaireachta agus freagrachtaí rannpháirtíochta a iniúchadh.

D'fhreastail 20 comhalta foirne ónár Scoileanna agus Aonaid ar an gclár Aurora in 2022/23 agus ba é buaicphointe an chlár ná lá forbartha ar an láthair ag a raibh deiseanna líonraithe do lucht Aurora, agus seans labhairt lena chéile go pearsanta.



Rannpháirtithe Aurora, Ollscoil na Gaillimhe. Ar chúil, ó chlé: Sheena Fennell, Alice Le Bonniec, Merve Suzan Zeden, Eavan O'Dochartaigh. Sa lár, ó chlé: Laura Loftus, Anna Gasperini, Verna McKenna, Roisin Doohan. Chun tosaigh: Maeve Egan, Katy Flanagan.

Scoláireachtaí WiSTEM²D

Bhronn Johnson & Johnson deich scoláireacht WiSTEM²D ar mhic léinn mhná le hEolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic, Déantúsaíocht agus Dearadh in Ollscoil na Gaillimhe sa bhliain acadúil 2022/23. Seasann WiSTEM²D do Women in Science, Technology, Engineering, Mathematics, Manufacturing and Design. An aidhm atá le clár WiSTEM²D Johnson & Johnson is ea tuilleadh ban a spreagadh, agus tacú leo, tabhairt faoi ghairm san earnáil STEM tar éis na hollscoile agus ionadaíocht ban san fhórsa oibre STEM²D a mhéadú. Cuireann clár WiSTEM²D Johnson & Johnson le forbairt bhuanna na mban sa chlár STEM²D trí bhronnadh agus urraíocht a dhéanamh ar chailíní agus ar mhná ag pointí ríthábhachtacha ina n-eispéireas oideachais agus ina ngairmeacha beatha, i ndisciplíní STEM. Seo an deichniúr a fuair scoláireacht:

Ainm	Cúrsa
Emer Nic Roibín	Eolaíocht
Gemma O'Brien Hehir	Innealtóireacht Bhithleighis
Laura de Búrca	Innealtóireacht Bhithleighis
Laura Quinn	Na Dána (Comh-Onóracha) (Staidéar Matamaitice agus Teicneolaíocht Faisnéise)
Mairéad Rowland	Eolaíocht Bhithleighis
Niamh Corcoran	Innealtóireacht Bhithleighis
Rebecca Norris	Eolaíocht
Sarah Daves	Muireolaíocht
Sophie Spellissy	Ríomheolaíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise
Syakira Amani Khairul Nazri	Biteicneolaíocht



Mná ar bronnadh scoláireachtaí WiSTEM²D orthu 2022/23

Lá Oscailte Scoil na hInnealtóireachta, 'Mná san Innealtóireacht'

D'eagraigh Scoil na hInnealtóireachta ócáid do Mhná san Innealtóireacht, 'Inspiring the Next Generation of Female Engineers', mar chuid de Lá Oscailte an Earraigh, Dé Sathairn, an 25 Márta. Bhí mic léinn mhná reatha ó bhlianta 3 - 5 páirteach i bplé painéil neamhfhoirmiúil leis an Dr Myra Lydon agus an Dr Maeve Duffy mar aon le haoichainteoir, an Dr Rina Rabarimanantsoa, Príomhinnealtóir Sinsearach T&F, ón gcomhlacht Medtronic. D'fhreastail os cionn 50 duine ar an ócáid, agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i suirbhé beo as ar tháinig aiseolas úsáideach ó dhaltaí meánscoile maidir leis an dearcadh atá acu ar dheiseanna do mhná san earnáil innealtóireachta.

Comhpháirtíocht le Fort Wayne Metals

Chuaigh Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta i gcomhpháirtíocht le Fort Wayne Metals, ar déantóir ceannródaíoch sreinge agus comhphárteanna de ghrád leighis é, chun deiseanna scoláireachtaí agus intéirneachtaí a chur ar fáil do mhic léinn mhná. Tabharfaidh Sparánacht Fort Wayne Metals aitheantas agus luach saothair d'acmhainneacht mac léinn mná eisceachtúil trí dhámhachtain bhliantúil a bhronnadh ar mhac léinn amháin a roghnófar chun a hintéirneacht a dhéanamh in Fort Wayne Metals Ireland. Is ar Laura Callaghan a bronnadh céad sparánacht FW Metals sa bhliain acadúil 2022/23.



Ó chlé: An Dr Ann Ryan, Stiúrthóir Forbartha Straitéisí, Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, an tOllamh Comhlach Mary Dempsey, an Dr Paul Dodd, Leas-Uachtarán don Rannpháirtíocht, Laura Callaghan, Uasal, mac léinn Innealtóireachta Meicniúla sa cheathrú bliain agus buaiteoir na scoláireachta, agus an tUasal Michael O'Donnell, Stiúrthóir Bainistíochta, an tUasal Declan Bourke, Bainisteoir Forbartha Táirgí agus Shauna Crossan, Uasal, Bainisteoir Acmhainní Daonna, Fort Wayne Metals.

Rannpháirtíocht na Mac Léinn a Leathnú

I mí Lúnasa 2022, sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, an Plean Náisiúnta do Choithromas Rochtana ar an Ardoideachas 2022-2028. Tháinig dea-scéala eile sna sala air sin i mí Mheán Fómhair 2022 nuair a fógraíodh gur bronnadh €833,333 ar Ollscoil na Gaillimhe i bhfoirm Maoiniú Feidhmíochta mar aitheantas ar a bhfuil déanta aici maidir le comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh do spriocghrúpaí a fhorbairt agus a sheachadadh go rathúil. Áirítear leo sin foghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna (FET), daoine faoi mhíchumas, agus baill de phobal Taistealaithe na hÉireann. I mí na Samhna, tráth ar tosaíodh ar imeachtaí a reáchtáil ar an gcampas arís, chuir foireann an Ionaid Rochtana fáilte roimh chéimithe an Chláir Rochtana agus Bonnstadéir chuig searmanas bronnta céime chun a ngnóthachtálacha oideachais a cheiliúradh. Seoladh céad tuarascáil bhliantúil an Choiste maidir le Rannpháirtíocht a Fhairsingiú in Ollscoil na Gaillimhe go gairid ina dhiaidh sin, i mí na Nollag, tráth ar seoladh an tIonad Rochtana nua in Áras Uí Chathail go hoifigiúil chomh maith. D'oscail/sheol an tAire Stáit sa Roinn Leanaf, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Anne Rabbitte TD an dá cheann acu.



Oscailt oifigiúil oifig nua an Ionaid Rochtana, Nollaig 2022 – ó chlé: Uachtarán na hOllscoile, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, an tAire Stáit Anne Rabbitte T.D., Imelda Byrne, Ceannasaí an Ionaid Rochtana, agus an tOllamh Pól Ó Dochartaigh, Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí.

Rinne an tIonad Rochtana maoiniú a leithdháileadh ar 55 mac léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht trí chiste Sparánachta 1916 an Chláir Rochtana ar Ardoideachas (PATH 2) de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO) i seimeastar a haon 2022/23. Mar seo a leanas a leithdháileadh an maoiniú:

- Bronnadh €5000 in aghaidh na bliana ar 16 mac léinn ar feadh ré a gcuid staidéir
- Bronnadh €2000 in aghaidh na bliana ar 10 mac léinn ar feadh ré a gcuid staidéir
- Bronnadh íocaíochtaí aonuaire de €2000 ar 29 mac léinn

Rangaithe idir 101 agus 200 faoi chatagóir 10, Éagothroime Laghdaithe, i Ranguithe Tionchair THE faoin teideal Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) as 901 institiúid ar fud an domhain.



A bhuíochas le maoiniú a fuarthas trí chiste Chláir Rochtana ar Ardoideachas an ÚAO (PATH 3), cuireadh ar chumas an Ionaid Rochtana clár meantóireachta pobail (meantóireacht FET2HE) a reáchtáil le mic léinn Eolaíochta agus Innealtóireachta. Seachadadh an clár seo i gcomhar le Coláiste Pobail na Gaillimhe (GCC) agus Institiúid Theicniúil na Gaillimhe (GTI) féachaint le cur le líon na ndaoine a théann ar aghaidh chuig an earnáil ardoideachais tar éis dóibh a bheith san earnáil bhreisoideachais. I gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU), ceapadh Anne-Marie Stokes mar Oifigeach Oideachais Taistealaithe le freagracht as réigiún na Gaillimhe/Mhaigh Eo tríd an gciste seo.

Chomh maith leis an maoiniú a cuireadh ar fáil trí PATH 2 agus PATH 3, leithdháileadh maoiniú breise ar an Ionad Rochtana freisin trí PATH 5 chun tacú le mic léinn Phobal Taistealaithe na hÉireann agus mic léinn Romacha san ardoideachas trí thrí thionscnamh ar leith:

- 1: Tionscadal Aistrithe Oideachais (ETP) do mhic léinn Phobal Taistealaithe na hÉireann agus mic léinn Romacha
- 2: An clár Grinds4Mincéirs
- 3: Clár Bunscoile Spriocdhírith do dhaltáí Phobal Taistealaithe na hÉireann agus daltaí Romacha

Príomhfhócas de chuid an Phlean Náisiúnta um Choithromas Rochtana ar Ardoideachas 2022 - 28 cur le líon na ndaoine ó chúraí socheacnamaíochta faoi mhíbhuntáiste a théann ar aghaidh chuig an earnáil ardoideachais, go háirithe mic léinn ó scoileanna DEIS. D'oibrigh UN14U i gcomhar le 4 scoil éagsúla sa réigiún i mí Bealtaine 2023 (Scoil Bhríde i Seantalamh, Radharc na Mara i Muirbheach, Scoil Chroí Íosa sa Chaisleán Nua agus Bunscoil Choillte Meirlinne i nDabhach Uisce), agus chuir siad fáilte roimh bhreis agus 160 dalta bunscoile gach seachtain le linn an chláir. Le linn dóibh a bheith ar an gcampas, ghlac na daltaí páirt i gceardlanna agus gníomhaíochtaí éagsúla a chuir ár gceardlanna agus an gcampas ar fáil, lena n-áirítear:

- Cuairteanna ar Mhúsaem na Míoleolaíochta agus na Bitheolaíochta Muirí ar an gcampas.
- Cuairteanna ar an Músaem Ríomhaireachta agus Cumarsáide ar an gcampas.
- Ceardlanna bitheolaíochta idirghníomhacha a chuir foireann Taiscéalaithe na gCeall i láthair.
- Réamheolas faoi chraolachán raidió curtha i láthair ag ár gcomhghleacaithe de chuid Aontas na Mac Léinn in Flirt FM.
- Rannpháirtíocht i mBréagchúirt na hOllscoile arna eagrú ag comhghleacaithe i Scoil an Dí.
- Ceardlanna Cruthaitheachta agus Nuálaíochta arna n-eagrú ag comhghleacaithe sa Mhol Smaointe.
- Ceardlanna san eacnamaíocht, innealtóireacht, deiseanna gairme, códú, litríocht leanaf, chomh maith le go leor eile.

Ag tógáil ar rath na dtionscnamh meantóireachta a chuir an tIonad Rochtana ar fáil in áiteanna eile trí PATH 3, socraíodh meantóir ollscoile ag deireadh gach seisiúin don gach dalta a bhí páirteach chun cabhrú leo machnamh a dhéanamh ar an taithí a bhí acu ar an gclár, agus úsáid a bhaint as scéalaíocht agus socrú spriocanna chun labhairt faoina bpleananna don toadhcháil.

Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht

Tá an tiomantas institiúideach maidir le dearadh uilíoch a chur chun cinn agus timpeallacht foghlama agus oibre inrochtana a chruthú do mhic léinn agus don fhoireann curtha in iúl sa Phlean Gnímh don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht. Tacaíonn an Grúpa Oibre don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht le feidhmiú an Phlean Gnímh, agus cuireann comhghleacaithe ó na haonaid a bhfuil freagracht sannta orthu tuairiscí chun dáta ar fáil ag na cruinnithe ráithiúla. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) láithreoireachtaí faoin inrochtaineacht uilíoch a leabú trí dhearadh ag cruinniú den ghrúpa oibre i mí an Mhárta 2023. Thagair cur i láthair an NDA freisin ar a riachtanaí atá sé go mbeadh dearcadh dearfach ag daoine i leith an chuimsithe. I measc na réimsí tosaíochta a bhí ann in 2022/23 áiríodh forbairt Polasaí maidir le Cóiríocht Réasúnta do Mhic Léinn, faoi stiúir Bernie McGee, an tOifigeach Míchumais do mhic léinn. Ina theannta sin, leanadh i mbliana leis an dul chun cinn atá á dhéanamh leis an gclár oibre chun inrochtaineacht fhisiciúil a fheabhsú faoi cheannaireacht an Dr Deirdre McHugh, i gcomhar le comhghleacaithe in oifig na bhFoirgneamh agus na nEastát. Cheap an tIonad Rochtana beirt chomhaltáí foirne pháirtimseartha faoin gclár PATH 4 le dul i mbun oibre ar Chumarsáidí Inrochtana agus ar fhorbairt cláir do mhic léinn faoi mhíchumas intleachta. Tosaíocht de chuid an Phlean Gnímh UDA is ea an cuimsiú a chur chun cinn do chomhaltáí foirne agus do mhic léinn faoi mhíchumas, agus is gné shuntasach í de thiomantas na hOllscoile an Dualgas Earnála Poiblí atá uirthi i leith Comhionannais agus Chearta an Duine a chur i bhfeidhm.

Polasaí maidir le Cóiríocht Réasúnta do Mhic Léinn

Gné chaighdeánach den chleachtas múinteoireachta agus measúnaithe in Ollscoil na Gaillimhe is ea cóiríocht réasúnta a sholáthar do mhic léinn, agus tá an Ollscoil tiomanta timpeallacht chuimsitheach foghlama a sholáthar ina dtacófar le gach mac léinn a gcumas acadúil a bhaint amach. Fáiltíonn an Ollscoil roimh mhic léinn faoi mhíchumas agus tacaíonn sí leo lena gcuid staidéir chun tionchar an mhíchumais a mhaolú le go mbeidh deis acu barr a gcumais a bhaint amach.

D'fhéadfadh tacaíochtaí breise, nó 'cóiríocht réasúnta', a bheith ag teastáil ó mhic léinn faoi mhíchumas le go gcuirfí ar a gcumas feidhmiú ar leibhéal atá cothrom agus comhionann lena bparáí. Is ceanglas reachtúil faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 (arna leasú) agus an tAcht um Míchumas 2005 go gcuirfí cóiríocht réasúnta ar fáil, nuair atá gá leis, chun tacú le daoine faoi mhíchumas.

Déanann Seirbhís Tacaíochta Míchumais an Ionaid Rochtana measúnú riachtanas leis an mac léinn, agus déanann moltaí maidir le cóiríocht réasúnta dá bhun. Tarlaíonn sé seo i gcomhairle leis an mac léinn tráth a c(h)lárú leis an tseirbhís.

Cuireadh grúpa oibre ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun an próiseas atá i gceist leis an soláthar seo a chur ar bhonn foirmiúil agus é a shoiléiriú. I measc bhaill an ghrúpa sin tá ionadaithe ó Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Oifig Dhéan na Mac Léinn, Seirbhísí do Mhic Léinn, an Fhoireann Léachtóireachta, Comhaltas na Mac Léinn agus an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais/an tIonad Rochtana. Mar chuid den phróiseas forbartha, chuaigh an grúpa oibre i gcomhairle le hionadaithe ó Institiúidí Ardoideachais eile in Éirinn a bhfuil a bPolasaithe um Chóiríocht Réasúnta do Mhic Léinn á ndréachtú nó á nuashonrú faoi láthair, mar aon leis an gCoiste Campais Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, Oifig na Scrúduithe agus Aturnae na hOllscoile. Táthar ag fanacht i gcónaí ar fhaomhadh deiridh an Pholasaí agus táthar ag súil go mbeidh feidhm leis faoi thús na bliana acadúla 2023/24.

Tá freagracht ghinearálta ar ranna, seirbhísí agus aonaid na hOllscoile trí chéile as a chinntiú go ndéanfar cóiríocht réasúnta a chur ar fáil do na mic léinn a dteastaíonn sí uathu le go maolófar ar thionchar an mhíchumais ar a gcuid staidéir. Is céim thábhachtach thar ceann na hOllscoile an Polasaí maidir le Cóiríocht Réasúnta do Mhic Léinn a bheith forbartha sa mhéid is go gcinntíonn sé go leanfaidh an Ollscoil ag freastal ar riachtanais na mac léinn siúd a bhfuil a mhíchumas ag cur isteach ar a gcuid staidéir.

Tionscadal PATH 4: Dearadh Uilíoch agus Cláir do Mhic Léinn faoi Mhíchumas Intleachta

Tar éis chomh maith is a d'éirigh leis an tionscadal 'Rochtain agus Cuimsiú a Fheabhsú', ar tuairiscíodh air sa bhliain acadúil 2021/22, tá an tIonad Rochtana tosaithe ar thionscadal chun cur leis an obair seo agus í a leathnú, a bhuíochas le maoiniú ó scéim Chlár Rochtana ar Ardoideachas (PATH) 4, Céim 1, de chuid an ÚAO. Tá roinnt snáitheanna ag an tionscadal agus cuirtear síos orthu thíos.

Tionscadail Chomhoibríochá Náisiúnta

Tá Ollscoil na Gaillimhe ag dul i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU), Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus leis an gceann tionscadail, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU), i bhforbairt Cairt Náisiúnta don Dearadh Uilíoch (UD) san Oideachas Treasach, lena n-áirítear na hEarnálacha Ardoideachais agus Breisoideachais agus Oilíúna.

Tá an Ollscoil i mbun comhoibríthe freisin ar dhá thionscadal náisiúnta eile PATH 4, ceann amháin chun pacáiste oilíúna UD a fhorbairt do cheannairí sinsearach san oideachas treasach, agus an dara ceann chun pobal cleachtas náisiúnta a thógáil chun cláir a fhorbairt do mhic léinn faoi mhíchumas intleachta.

Dearadh Uilíoch: Inrochtaineacht Fhisiciúil

Leantar den obair chun inrochtaineacht fhisiciúil an champais a fheabhsú faoi PATH 4, i gcomhpháirtíocht le hOifig na bhFoirgneamh agus na nEastát. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le háiseanna aslonnaithe éigeandála do dhaoine le riachtanais bhreise a uasghrádú agus ar an oiliúint foirne a bhaineann leis sin. Beifear in ann rochtain a fháil ar léachtlanna ar fud an champais gan déileáil le céimeanna, rud a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht agus ar inrochtaineacht.

Tá sé d'aidhm ag an Ollscoil a bheith ainmnithe mar champas atá báúil don uathachas agus, chuige sin, seolfar seomra ilchéadfach úrscothach ag tús na bliana acadúla nua, mar aon le léarscáil de spásanna campais atá báúil dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí acu le próiseáil chéadfach, idir faoi dhíon agus faoin aer. Tá sé sin ag teacht le foilsiú Prepare: Entry Guide, ar faisnéis aistrithe é a d'fhorbair an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais chun tacú lenár mic léinn uathacha.

Chuaigh an tlonad Rochtana i gcomhpháirtíocht le tionscadal Crowd4Access de chuid Ionad Taighde Anailísíochta Sonraí Insight SFI in 2022 chun cosáin an champais a mhapáil chun críche inrochtaineachta. Ina dhiaidh sin, chuaigh an tlonad Rochtana agus Insight i gcomhar leis an gClár BA sna hEolaíochtaí Sóisialta Feidhmeacha agus le clár Obair Dheonach ALIVE chun mapáil cosán Crowd4Access a neadú sa churaclam agus sa chomhchuraclam.



Mapáil cosán Crowd4Access

Dearadh Uilíoch: Cumarsáidí inrochtana

Ceapadh Comhordaitheoir don Dearadh Uilíoch - Cumarsáidí Inrochtana (UDC-AC) i mí Aibreáin 2023. Tá aghaidh á tabhairt ag an UDC-AC, in éineacht leis an dTeicneolaí WWW, ar a bhfuil tagtha chun solais ó iniúchtaí seachtainiúla gréasáin, arna ndéanamh ag an Udarás Náisiúnta Míchumais (NDA). Sainaitníodh saincheisteanna inrochtaineachta agus tá ábhair oiliúna oiriúnacha á n-ullmhú chun a chinntiú go mbeifear comhlíontach le Treoir an AE maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, agus tá teastasú i bhfoirm suaitheantais dhigit eacha beartaithe do dheireadh 2023. Cuirfear feabhas ar inrochtaineacht ár gcumarsáidí trí bhreiseán inrochtaineachta uathoibríthe a chomhtháthú le suíomh Gréasáin na hOllscoile sa dara leath de 2023. Anuas air sin, tá ceardlanna oiliúna foirne á seachadadh ag an UDC-AC trí Chlár Foghlama agus Forbartha na hOifige Acmhainní Daonna faoin gcaoi le *Cáipéis Inrochtana a Chruthú*.

Cláir do Mhic Léinn faoi Mhíchumas Intleachta

Ceapadh Comhordaitheoir Cláir dóibh siúd le Míchumais Intleachta freisin i mí Aibreáin 2023 chun oibriú le comhghleacaithe acadúla agus gairmiúla ar fud na hOllscoile chun deiseanna forbartha a aimsiú. Tá Coiste Stiúrtha inmheánach bunaithe chun tacú leis an obair seo agus tá an comhordaitheoir i mbun teagmhála le comhghleacaithe ar bhonn náisiúnta, mar chuid den phobal cleachtais náisiúnta atá luaite thuas.

Feasacht agus Oiliúint Uathachais CMNHS

Reáchtáil Coiste EDI Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte (CMNHS) imeacht múscaithe feasachta agus ceiliúrtha ar Uathachas i mí na Mheithimh 2022. I measc na hábhair ar déileáladh leo, áiríodh tacaíochtaí do mhic léinn san Ollscoil, infhostaitheacht mar aon leis an taithí a bhí ag comhalta foirne le huathachas agus a máthair, ar teistiméireacht í a bhí idir mhaoithneach agus spéisíúil. Bhí sé mar aidhm ag an imeacht feasacht a mhúscailt agus an stiogma a bhaineann le huathachas a bhaint de, chomh maith le comhaltaí foirne a chumasú chun tacú lena mic léinn agus a gcomhghleacaithe uathacha. Mar thoradh ar an imeacht seo agus ar obair leanúnach an Dr Lhara Mullins i Scoil na nEolaíochtaí Sláinte, seoladh an Treoir Foirne chun Tacú le Mic Léinn Uathacha, a bhfuil fáil air i mBéarla agus i nGaeilge.

Fuarthas aiseolas ón imeacht sin agus ina fhianaise sin, reáchtáil an CMNHS ceardlann oiliúna foirne uathachais i mí na Nollag 2022. Comhaltaí foirne agus mic léinn uathacha i gcomhar le baill coiste EDI, an Dr Lhara Mullins agus an Dr Katarzyna Whysall, a chuir an oiliúint nuálaíoch seo, a bhfuil ábhar machnaimh ann, i dtoll a chéile, agus is iad a chuir i láthair é. Labhair daoine le huathachas ar an gcampas leis na rannpháirtithe faoina n-eispéiris féin, agus tugadh údar spreagtha dóibh siúd a bhí i láthair dul i mbun machnaimh agus plé, féachaint le bealaí a aimsiú chun an Ollscoil a dhéanamh níos báúla dóibh siúd a bhfuil uathachas orthu. Deis a bhí san oiliúint seo chun plé a dhéanamh ar na bealaí trína bhféadfaí an tuiscint atá ag daoine ar an uathachas a mhéadú, agus faoin ról atá ag gach duine againn a bheith níos cuimsithí agus an éagsúlacht a cheiliúradh. Ba é an toradh a bhí air ná go bhfuair na rannpháirtithe léargas cumhachtach uathúil ar a bhfuil i gceist le huathachas don duine féin, ar na dúshláin a bhíonn rompu agus iad ag déanamh a mbealach i dtimpeallachtaí a dearadh do dhaoine néaraitipiciúla.

Ómós a Neadú in Ollscoil na Gaillimhe

Is tionscnamh é an tionscadal Ómóis atá maoinithe ag an Ollscoil tríd an gCiste Straitéiseach agus faoi stiúir an Dr Rachel Hilliard, an Dr Shivaun Quinlivan agus an Dr Lucy-Ann Buckley (Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dí). Is é cuspóir an tionscadail togra a fhorbairt do Chairt Ómóis a léireoidh an tuiscint atá againn ar ómós mar phobal ollscoile mar aon lenár mian go neadófaí an t-ómós i gcultúr Ollscoil na Gaillimhe. Tugann an tionscadal seo tacaíocht dhíreach do phlean straitéiseach na hOllscoile agus don Mhórghníomhaíocht Cairt Ómóis a chur i bhfeidhm.

Tar éis sheoladh an tionscadail i mí Aibreáin 2022 i gcomhthráth leis an tionscadal Ómóis a bheith mar Chroíluch in Ollscoileanna, cuireadh tús leis an obair trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhea-chleachtas agus an dearadh taighde a fhorbairt. An cur chuige ar glacadh leis don tionscadal seo ná dul i gcomhairle le pobal na hOllscoile trí chéile chun léirtheiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfaí ómós a léiriú i réimsí éagsúla.

IOMPAR ÓMÓSACH // CULTÚR ÓMÓSACH



PEARSANTA



POST



INSTITIÚID

Rinneadh é seo trí shuirbhé gairid ar líne inar ceistíodh daoine faoin ómós agus faoin easpa ómóis, agus faoina dtaithe ar an gcaoi a n-oibríonn ómós ina n-aonad. Reáchtáladh ceardlann am lóin le gach grúpa ina dhiaidh sin ina ndearna rannpháirtithe iniúchadh ar chultúr reatha an ómóis in Ollscoil na Gaillimhe agus ar na hathruithe chun feabhais a dhéanfaidís air.

Chuir comhghleacaithe léarscáil chomhroinnte de chleachtas an ómóis i dtoll a chéile, don am i láthair agus don todhchaí, trí iniúchadh a dhéanamh ar:

- an chaoi a léiríonn tosaíochtaí ollscoile ómóis
- na hiompraíochtaí, idir mheasúil agus dhímheasúil, a seastar leo, a gcuirtear suas leo nó a ngearrtar pionós orthu
- an chaoi rannpháirtíocht agus guth an duine féin a spreagadh
- an chaoi a múnlaíonn noirm agus rialacha cinnteoireacht

Reáchtáladh an cheardlann phíolótach le foireann ó Sheirbhísí do Mhic Léinn a bhí thar a bheith gníomhach agus díograiseach i mí an Mheithimh 2022. Cuireadh 15 cheardlann Ómóis ar fáil thar naoi mí, ar fhreastail 250 comhghleacaí agus mac léinn i raon aonad riaracháin, seirbhíse, taighde agus scoileanna, uirthi ag críochnú le ceardlann le Foireann Bainistíochta na hOllscoile. Fuarthas 400 freagra ar an suirbhé Ómóis. Reáchtáladh ceardlanna don fhoireann agus do na mic léinn uile chun deis a thabhairt do gach duine a nguth a chur in iúl.

I measc cuid de na téamaí fíorspéisiúla a tháinig chun solais ó na sonraí tá:

- tuiscint ar ómós mar chaitheamh le daoine eile ar an gcaoi ar mhaith leo agus ar gá go gcaithfí leo féin, agus bonn faisnéise faighte ag an tuiscint sin ó chomhbhá gníomhach le difríochtaí
- an tsuim atá ag daoine a bheith rathúil ag an obair, agus an chaoi a bhféachann siad ar ómós mar thaca a chuirfidh lena gcumas an obair is fearr is féidir leo a dhéanamh
- an mhian atá ag daoine go léireofaí ómós go hoscailte agus go réadófaí é
- an tábhacht a bhaineann le sibhialtacht san ionad oibre agus meas a bheith idir comhghleacaithe
- an tionchar faoi leith a bhíonn ag an easpa ómóis ó dhaoine níos sinsearaí
- a thábhachtaí atá polasaithe agus cleachtais ómósacha ag an leibhéal institiúideach don fhoireann agus do mhic léinn

Don chéad chéim eile den tionscadal, tá sé beartaithe breis foirne taighde a fhostú chun cabhrú le hanailís a dhéanamh ar na sonraí sula dtiomsófar na torthaí i dtuarascáil agus sula ndrúachtófar moladh chun Cairt Ómóis a fhorbairt. Cuirfear an obair seo i láthair phobal na hOllscoile sa bhliain acadúil seo chugainn.

Forbairt agus Folláine Foirne

Cláir Mheantóireachta

Seoladh **Scéim Meantóireachta na hOllscoile** ag deireadh 2021 agus an aidhm a bhí aici tacú leis an bhfoireann a scileanna a fhorbairt agus a spriocanna gairme a bhaint amach. Comhpháirtíocht idir comhaltaí foirne sinsearach agus comhghleacaithe atá ag céim luath dá ngairm atá i gceist leis an scéim seo, agus féachann sí le cabhrú le comhaltaí foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach. Feidhmíonn an scéim seo taobh le cláir mheantóireachta eile ar nós Clár Ceannaireachta Mná Aurora agus scéim meantóireachta Acadúla na Scoile Gnó agus Eacnamaíochta.

Chláir breis agus 150 comhalta foirne le bheith ina Meantóirí ón uair a seoladh an Scéim, agus níos mó ná céad mar Mheantaithe. Glactar le Meantóirí agus le Meantaithe nua i mí Eanáir agus mí Iúil gach bliain. Táthar ag súil cur leis an bPainéal Meantóireachta in 2023, go háirithe i measc comhaltaí foirne sna seirbhísí gairmiúla. Cuirtear ceardlanna oiliúna ar fáil do Mheantóirí agus do Mheantaithe araon i rith na bliana.

Ainmníodh Seaimpíní Meantóireachta go háitiúil chun cabhrú le móiminteam a choinneáil agus feasacht faoin scéim a chothú. Tá an Seaimpín Meantóireachta ina phointe teagmhála leis an bhfoireann áitiúil agus oibríonn as lámha a chéile le Foghlaim agus Forbairt ar an bpróiseas péireála agus ar chumarsáid/uasdátú áitiúil.

Tá rochtain saor in aisce ag gach comhalta foirne ar Ardán Foghlama LinkedIn, agus tá an Mheantóireacht i measc na gcosán foghlama atá air. Cruthaíodh na cosáin foghlama seo go sonrach mar thacaíocht agus mar acmhainn bhreise d'fhoireann Ollscoil na Gaillimhe. Tá leathanach gréasáin faoi leith ar fáil freisin don fhoireann ar a bhfuil acmhainní meantóireachta agus ábhair atá cothrom le dáta.

Sheol Ollscoil na Gaillimhe an dara clár meantóireachta idir-institiúideach ("*Collaborate*") i mí na Samhna 2022 i gcomhar le Coláiste na Tríonóide (TCD), Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC), Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD), Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (QUB), Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RSCI). Ghlac cúigear comhaltaí foirne ó gach Ollscoil páirt sa scéim. An aidhm atá leis an gclár go gcuirfeadh comhaltaí foirne a bhfuil róil chomhchosúla acu laistigh de na hinstiúidí atá páirteach tacaíocht mheantóireachta ar fáil dóibh siúd atá ag freastal ar an gclár agus go bhforbrófaí líonra tacaíochta lasmuigh dá n-ionad oibre. Is ar chomhaltaí foirne acadúla/taighde a ceapadh ina bPríomhthaihdheoirí le gairid atá an clár is déanaí dírithe. Reáchtálfar seisiún eile amach sa bliain a bheidh dírithe ar chohórt eile foirne.

Anuas ar na cláir Mheantóireachta thuasluaite, cláraíodh ochtar comhaltaí foirne ar scéim meantóireachta Institiúid Bhainistíochta na hÉireann (IMI) amach sa bhliain 2022 agus ag tús 2023. Tugann an clár seo deis do na comhaltaí foirne feidhmiú mar mheantóir nó mar mheantaithe le daoine atá fostaithe i raon tionscal éagsúil ar fud oileán na hÉireann.

Scéim Polasaí Breisoideachais (FEP)

Tá Ollscoil na Gaillimhe meáite ar thacaíocht a thabhairt do chomhaltaí foirne atá ag tabhairt faoi chláir oideachais chun cur lena bhforbairt ghairmiúil agus phearsanta. Tá an gealltanas sin ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha na hOllscoile acmhainneacht na foirne a uasmhéadú, tacú le hearcú agus le coinneáil foirne agus cinntiú go mbeifear tiomanta do chomhdheiseanna. Tá tuilleadh eolais ar fáil [anseo](#).

In 2022, rinne 63 comhalta foirne ó gach catagóir foirne iarratas ar an scéim FEP; mná a bhí i 79% acu agus fir a bhí i 21% acu.

Ceadaiódh maoiniú chun tacú le 63 comhalta foirne ó gach catagóir foirne tabhairt faoi chláir oideachais thar raon leathan clár agus leibhéal céime:

Céimeanna	
PhDanna	17
Céimeanna Máistreachta	23
Céimeanna Baitsiléara	6
Teastais/diplómaí iarchéime	17

Catagóirí Foirne FEP 2022

Catagóirí lomlána FEP	
Acadúil	15
Taighde	7
Tacaíocht	33
An Leabharlann	7
Teicniúil	2

Gearrshéisíúin Foghlama

Cuireadh tús le gearrshéisíúin foghlama á n-eagrú ag Foghlaim & Forbairt go déanach in 2022. Is iad foireann na hollscoile a dhear agus a éascaíonn na ceardlanna seo d'fhoireann na hOllscoile, rud a chuireann ar chumas comhghleacaithe a gcuid saineolais agus eolais a roinnt ar raon ábhar ar nós Traenáil Bunaithe ar Neart, Seirbhís do Chustaiméirí na hOllscoile agus An Ghaeilge san Ollscoil. Mairfidh gach ceardlann 60 nóiméad agus reáchtáiltear ar líne iad chun go mbeidh an oiread comhaltaí foirne agus is féidir in ann freastal orthu. Is féidir clárú do chúrsaí ar an leathanach Foghlama & Forbairt ar [Thairseach Féinseirbhíse na bhFostaithe](#).

Láirionad Foghlama DCM & LinkedIn Learning

Tá na mílte físeán, ranganna teagaisc agus gearrchúrsaí inrochtana trí ríomhaire/ríomhaire glúine/fón póca agus tá fáil orthu d'fhoireann na hollscoile le féachaint orthu am ar bith a fheileann sé dóibh.

Clár Ceannaireachta LIFT

Is clár 8-10 seachtaine é [LIFT](#), agus 30-40 nóiméad sa tseachtain i gceist leis, ina mbíonn rannpháirtithe páirteach i ngrúpa comhchéime beag, ar líne ar fad nó meascán d'ar líne agus ar an láthair, agus clár forbartha ceannaireachta ar siúl acu a bhfuil idir 8 agus 10 gcuid i gceist leis agus ina gclúdaítear roinnt luachanna. Tá breis is 100 comhalta foirne tar éis clárú ó thús na bliana 2023 mar rannpháirtí nó mar éascaitheoir ar sheisiún comhchéime.

Cóitseáil

Seoladh tionscnamh Cóitseála Foirne i mí Dheireadh Fómhair 2022 le tacaíocht ó Chiste Straitéiseach na hOllscoile chun cultúr cóitseála a neadú agus chun tacú le seachadadh Straitéis na hOllscoile do Dhaoine. Tá Foireann Chóitseála Inmheánach ar a bhfuil aon chóitseálaí déag curtha ar bun san Ollscoil faoi choimirce Acmhainní Daonna agus faoi stiúir Cheann na hOiliúna Foirne. Tá gach cóitseálaí creidiúnaithe ag comhlachtaí gairmiúla agus is bail iad de Chomhairle Meantóireachta agus Cóitseála na hEorpa. An chaoi a n-oibríonn an tionscnamh go ndéanann comhaltaí foirne teagmháil dhíreach le cóitseálaí chun leas a bhaint as an tseirbhís. Tá clár d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach i bhfeidhm do na cóitseálaithe ar fad. Tá sonraí na Foirne Cóitseála Inmheánaí ar fáil anseo sa rannán 'Foghlaim & Forbairt' ar láithreán gréasáin AD na hOllscoile.

Faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra AD agus le hionadaithe ó UMT agus saineolaithe seachtracha, tá Grúpa Stiúrtha bunaithe chun comhairle a thabhairt maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéis Chóitseála don Ollscoil.

Chuir Ceann na hOiliúna Foirne, cóitseálaithe inmheánacha agus foireann acadúil ó Choláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí clár píolótach 2 lá, 'Coaching as a Management & Leadership Style' i láthair. Bhí naonúr rannpháirtí, arb as trí Scoil sa Choláiste iad, lena n-áirítear acadóirí agus comhaltaí foirne seirbhísi gairmiúla, páirteach sa chlár seo. Seachadadh clár eile ina dhiaidh sin do Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh agus Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte i mBealtaine agus mí an Mheithimh 2023.

Anuas ar a gcáilíochtaí cóitseála, rinne beirt chóitseálaithe inmheánacha Teastas i dTraenáil Foirne. Is é an Team Coaching Studio a chuir an oiliúint sin i láthair agus rinne an Chónaidhm Cóitseála Idirnáisiúnta creidiúnú air. Tá sé seo tar éis cur go mór leis na leibhéil saineolais agus scileanna cóitseála atá ar fáil san Ollscoil. Ghlac an tIonad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh páirt i dtionscnamh cóitseála foirne mar chuid dá bhforbairt foirne.

Seachadadh sraith seimineár cóitseála ar líne d'fhoireann na hollscoile, arb é an ceann is déanaí acu seimineár a reáchtáladh chun Lá Idirnáisiúnta na mBan 2022 a chomórath. Tá an cháil amuigh ar an gcóitseáil gur tacaíocht d'fhorbairt ceannaireachta í, agus d'fhorchémniú gairme, agus go bhféadfadh sé spreagadh a thabhairt do mhná a n-aghaidh a thabhairt ar ghairmeacha ceannaireachta, mar shampla mar Chinn Roinne nó mar Dhéin laistigh den Ollscoil. Ba cheart go dtacódh sé seo leis an Ollscoil a gealltanais sa Phlean Gnímh Chomhionannais Insce a bhaint amach agus leis an iarratas atá beartaithe aici ar ghradam Airgid Athena SWAN in 2025.



Baill na Foirne Oiliúna Inmheánaí - Ar chúl, ó chlé: John Hannon, Grace Mannion, Gerardine Deacy, Anna Cunningham, Natalie Walsh, Majella Perry, John Gibney. Chun tosaigh, ó chlé: Larissa Lamb, Mary Surlis, Nicola McNicholas, Marie Laffey

Folláine

Trí pháirt a ghlacadh sa KeepWell mark, tá Ollscoil na Gaillimhe aitheanta mar eagraíocht atá chun cinn maidir le folláine in 2022 agus 2023.



Sraith de chaighdeán sláinte agus folláine atá i gceist leis an gcreat KeepWell agus iad bunaithe ar dheachleachtas idirnáisiúnta agus ar fhianaise. Is féidir na caighdeán a bhaint amach tríd an fholláine a chur chun cinn san ionad oibre. Baineann an creat le 8 bpríomhréimse: Ceannaireacht, Meabhairshláinte, Sláinte agus Sábháilteacht, Saor ó Thobac, Bainistiú Neamhláithreachta, Iontocsainigh, Ithe Sláintiúil agus Gníomhaíocht Fhisiciúil. Fuair an Ollscoil creidiúnú KeepWell in 2019 agus d'éirigh léi an creidiúnú sin a choinneáil. Tá an Ollscoil tiomanta aistriú ón gcaighdeán cré-umha go dtí an caighdeán óir faoin mbliain 2025. Rinneadh iniúchadh iomlán an athuair ar an gcreidiúnú in 2023 agus d'éirigh leis an Ollscoil aistriú ón gcré-umha go dtí an caighdeán airgid ar chúig cinn de na caighdeán, agus an chosúlacht ar an scéal go mbainfear an caighdeán óir amach in 2025.

Seo a leanas cuid de na tionscnaimh ar fud an champais a thacaigh leis an dul chun cinn:

Ceannaireacht

- Rannpháirtíocht sa chlár Todhchaí na hÉireann a Threorú le chéile (LIFT)
- Tabhairt isteach clár cóitseála agus cóitseáil foirne
- Tabhairt isteach scéim mheantóireachta
- Tabhairt isteach na Hibridoibre, agus tacú léi.

Iontocsainigh

- Tabhairt isteach polasaí maidir le hlontocsainigh
- Oiliúint feasachta maidir le hlontocsainigh curtha ar fáil don fhoireann agus do bhainisteoirí.

Sláinte Fhisiciúil

- Cur le líon na scáthlán rothar/cithfholcadán
- Gíomnáisiamáí a thógáil ar an gcampas
- Scairdeáin uisce a shuiteáil faoin aer ar fud an champais.

Sláinte Mheabhrach

- Tabhairt isteach foireann Garchabhrach Meabhairshláinte
- Tabhairt isteach Polasaí maidir le Méala
- Oiliúint feasachta maidir le Méala don fhoireann agus do bhainisteoirí.



Sprioc 3:

Déanfaidh Ollscoil
na Gaillimhe
cleachtais nuálacha
EDI a bhrú chun
cinn san Earnáil
Ardoideachais





An Chéad Seachtain Frithchiníochais Nelson Mandela 2023

Cuireadh tús in 2023 le Seachtain Frithchiníochais Nelson Mandela a bhí ar siúl den chéad uair ón 20 – 24 Márta. Bhí an tseachtain imeachtaí ar siúl ag an am céanna leis an Lá Idirnáisiúnta chun Idirdealú Ciníoch a Dhíothú, a bhíonn ar siúl gach bliain ar an 21 Márta. Reachtáladh ar na dátaí sin é chomh maith mar chomóradh ar an 20 bliain atá caite ó bhronn Ollscoil na Gaillimhe dochtúireacht oinigh ar Nelson Mandela in 2003. Tá sé tráthúil ó tharla gur roghnaigh na Náisiúin Aontaithe an 21 Márta ar dtús mar chomóradh ar uafáis a rinne réimeas na cinedheighilte nuair a mharaigh póilíní na hAfraice Theas 69 duine ag léirsiú síochánta in aghaidh ‘dlíthe pasanna’ ciníocha cinedheighilte in 1960, ar a dtugtar Ár Sharpeville. Is é an príomhspreagadh don lá bliantúil aitheantais agus gnímh seo ná feasacht a mhúscailt agus dúshlán a thabhairt don chiníochas go hidirnáisiúnta, bíodh sé ar bhonn aonair, cultúrtha nó institiúideach.

Tá oidhreacht, tiomantas agus buanseasmhacht Nelson Mandela mar cheannaire sa chomhrac in aghaidh an chiníochais agus an leatrom le linn na cinedheighilte, agus an chaoi ar chuir sé an neamhchiníochas, an tsíocháin agus an t-athmhuintearas chun cinn san Afraic Theas i ndiaidh na cinedheighilte, ina inspioráid do gach duine a bhfuil fíis acu do shochai chomhionann. Le linn an tsearmanais nuair a bronnadh a dhochtúireacht oinigh ar Mandela, dúirt Uachtarán na

hOllscoile ag an am, an Dr Iognáid Ó Muircheartaigh, gur léirigh cuairt Nelson Mandela ‘an chaoi ar féidir le diongbháilteacht aonair agus cloí le prionsabal, mar aon le buanseasmhacht agus misneach, cor a chur sa chinníuint. Fadhb é an ciníochas a chuireann isteach ar an tsochaí ar bhealaí éagsúla, agus dá réir sin tá freagracht orainn go léir dul i ngleic le leithcheal ciníoch.

Bhí an clár ilghnéitheach imeachtaí le linn sheachtain Frithchiníochais Nelson Mandela bunaithe ar chur chuige comhoibríoch ar fud na hollscoile, le tacaíocht ó Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Cuireadh tús leis an tseachtain nuair a reachtáil an Ollscoil céad chomhdháil náisiúnta ÚAO ar Chomhionannas Ciníocha san Ardoideachas an 20 Márta. Cuireadh fáilte roimh Ambasadóir na hAfraice Theas chuig an gcampas an 23 Márta agus thug sí a príomhóráid. Ar an raon leathan tionscnamh a bhí ann i rith na seachtaine, áiríodh gníomhaíochtaí arna stiúradh ag mic léinn agus ag comhaltaí foirne cosúil le ceardlanna, caifé éagsúlachta, taispeántais, eispéireas réaltachta fíorúla, oiliúint, scannáin agus imeachtaí cultúrtha. Dearadh na himeachtaí le bheith machnamhach agus idirghníomhach, agus chun éascaíocht a dhéanamh ar phlé, foghlaim agus rannpháirtíocht le raon leathan saincheisteanna a bhaineann le cine, eitneachas agus frithchiníochas.



An Chearnóg
- Bratach na
hAfraice Theas





Súil siar ar shearmanas bronnta Nelson Mandela in Ollscoil na Gaillimhe - ó chlé: An Dr Helen Maher, an tUachtarán Emeritus an Dr Iognáid Ó Muircheartaigh, Vusi Gugulethu Thabethe, Yolisa Maya (Ambasadóir na hAfraice Theas go hÉirinn), Maggie Bingo, an tOllamh Becky Whay, Mabet Van Rensburg, Owen Ward.

An Trasnú idir an Ciníochas agus Spásanna Poiblí

Bhí an ciníochas idir chaibidil ag an imeacht seo, agus tagraíodh don chaoi a bhfuilimid ag déileáil leis an gciníochas i gcónaí, bíodh sé le feiceáil go follasach agus go poiblí nó in áiteanna dorcha ar an idirlíon. Thug Emer O'Neill, Rosemarie Maughan agus an Dr Amanullah De Sony dúshlán an chiníochais agus d'fhulaing siad dá bharr. Thug Emer O'Neill an phríomhóráid agus labhair sí ar na heispéiris a bhí aici agus ar a streachailt leanúnach in aghaidh an chiníochais in Éirinn. Bhí plé painéil ina dhiaidh sin, faoi chathaoirleacht Aoife Cooke, Ceann EDI, le Emer O'Neill, Rosemarie Maughan, Amanullah De Sony agus Ikenna Anyabuike.



Plé painéil ar 'An Trasnú idir an Ciníochas agus Spásanna Poiblí' – Ó chlé: Ikenna Anyabuike, Aoife Cooke, Emer O'Neill, Dr Amanullah De Sony, Rosemarie Maughan.

Ciste Tionscadail EDI do Sheachtain Frithchiníochais Nelson Mandela

I mí na Samhna 2022, d'fhógair Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú gairm ar iarratais chuig Ciste bliantúil na dTionscadal Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (€15,000) i rith chéad Sheachtain Frithchiníochais Nelson Mandela. Bhí an ciste ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn ar bhonn iomaíoch do thionscadail éagsúla Frithchiníochais laistigh den Ollscoil mar chuid de Sheachtain Frithchiníochais Nelson Mandela a reáchtáladh ón 20 - 24 Márta 2023. Rinne an Coiste Measúnaithe, faoi chathaoirleacht an Uasail John Hannon, Stiúrthóir Seirbhísí do Mhic Léinn, athbhreithniú ar na hiarratais agus faomhadh aon iarratas déag le haghaidh maoinithe. Tháinig ceithre cinn de na tionscadail a bhí beartaithe le chéile chun dhá imeacht a reáchtáil.

Tionscadail EDI do Sheachtain Frithchiníochais Nelson Mandela

Éagsúlacht Chiníoch á Ceiliúradh ag Ollscoil na Gaillimhe Taispeántas Grianghraf

Eagraithe an Tionscadail: An Dr Deirdre Curran, Suvankar Roy agus Mohanjit Kaur

Chruthaigh foireann Seaimpíní Éagsúlachta ó Choláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dí, faoi threoir an Dr Deirdre Curran mar Leas-Déan EDI, sraith íomhánna a léiríonn agus a cheiliúránn an éagsúlacht ar ár gcampas. Taispeánfar deich n-íomhá mar thaispeántas le linn sheachtain Nelson Mandela. Taispeánfar iad i dtosach ag láthair Chomhdháil an ÚAO, agus ina dhiaidh sin i gColáiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dí.



Éagsúlacht Chiníoch á Ceiliúradh - Taispeántas Grianghraf

Soláthar Díreach trí shúile Mhic Léinn Ollscoil na Gaillimhe Mic Léinn (Eispéireas Réaltachta Fíorúil)

Eagraí an Tionscadail: Eileen Kennedy

Tabharfaidh an clár faisnéise gearr seo, a rinneadh i bhfoirm réaltachta fíorúla, deis don lucht féachana blaiseadh a fháil de shaol na mac léinn atá ina gcónaí in Ionaid Soláthair Dhíreach i nGaillimh. Roinn na mic léinn a gcuid scéalta agus thug siad cuireadh duit taithí a fháil ar ghnáthlá ina gcuideachta agus iad ag ullmhú don rang, ag taisteal go dtí an Ollscoil agus ag fillleadh abhaile. Bhain an lucht féachana úsáid as fearas cinn VR chun amharc 360 céim a fháil ar a raibh timpeall orthu agus iad féin a thumadh in eispéiris na mac léinn seo. Rinneadh éascaíocht do chruthú an chláir faisnéise seo i gCúinne na Cruthaitheachta i Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe.



Soláthar Díreach - Eispéireas Réaltachta Fíorúil

Ceardlann Oiliúna 'How to be an Ally' do Mhic Léinn, á soláthar ag an Galway One World Centre, ALIVE

Eagraí an Tionscadail: An Dr Lorraine Tansey

Rinneadh iniúchadh ar phribhléid agus ar ghnéithe an-phraiticiúla den fhrithchiníochas sa cheardlann seo do mhic léinn ar an gcaoi a bheith i do chomhghuaillí. Tá an cheardlann á seachadadh ag saineolaithe a bhfuil taitní acu mar mhionlaigh laistigh de chomhthéacs cultúrtha na hÉireann. I measc na n-ábhar ar tugadh aghaidh orthu ar an gcúrsa bhí ais na bpríbhleáidí, ar áiríodh léi cumasachas, cine, agus inscne.



Ceardlann Oiliúna 'How to be an Ally'

Físeán 'We are One'

Eagraithe an Tionscadail: Maria Batishcheva agus Seaimpíní Éagsúlachta Choláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dí (CBPPL)

Déantar rólghlacadh san fhíseán seo ar na heispéiris chiníochais a bhíonn ag mic léinn san ollscoil. Bhailigh foireann an tionscadail scéalta ó mhic léinn agus rinne siad aisteoireacht ar na heispéiris sin i bhfíseán rólghlactha. Cuirtear 2 theachtaireacht shimplí in iúl san fhíseán: *'ná tabhair neamhaird ar an gciníochas'*, agus *'is pobal aontaithe muid'*.



'Whist A Thary': Féile Scannán na dTaistealaithe agus na Romach 21 – 24 Márta 2023

Eagraí an Tionscadail: Dan Dwyer

Is minic a chuirtear taistealaithe na hÉireann agus an pobal Romach i láthair sa scannánaíocht trí steiréitíopaí an fhoréigin, na coiriúlachta agus an mhisteachais. Tá dornán scannán déanta le tamall anuas, mar sin féin, a thug cúl don léiriú diúltach sin agus a d'fhéach leis na grúpaí seo a léiriú ar bhealaí níos barántúla agus níos moltaí. Tharraing an fhéile scannánaíochta ceithre lá seo aird ar na traidisiúin seo, agus tháinig baill den phobal Taistealaithe agus Romach, laistigh den Ollscoil agus lasmuigh di, chomh maith leis an bpobal Ollscoile níos leithne chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir eitneachtaí éagsúla a cheiliúradh sna meáin agus trí na meáin. Is frása é 'Whist A Thary' as Caintis na hÉireann a n-aistrítear go Béarla é mar 'Dún do bhéal agus breathnaigh'!



Féile Scannán na dTaistealaithe agus na Romach

Caifé Éagsúlachta: Cine, inscne, agus gnéaschlaonadh – ag dul i ngleic le haiseanna trasnaithe an éagthroime

D'óstáil an líonra foirne Idirnáisiúnta, an líonra foirne LGBT+ agus líonra foirne Ban na hOllscoile a gcéad imeacht i bpáirt ar an gcampas. Baineadh úsáid as modheolaíocht an World Café ina n-éascaítear comhráit oscailte agus dlúthpháirteacha i dtimpeallacht fháiltiúil an chaifé agus rinne siad siúd a bhí i láthair iniúchadh ar an gcaoi a n-imríonn ciníochas tionchar ar phobail éagsúla laistigh dár nOllscoil agus dár sochaí. Roinn na cainteoirí a raibh cuireadh faighte acu ó Líonra Ban na hOllscoile, ón Líonra Foirne Idirnáisiúnta agus ón Líonra Foirne LGBT+ a n-eispéiris le cineálacha éagsúla leithcheala. Chuir na rannpháirtithe ceisteanna agus chuaigh siad i gcomhar chun gníomhartha a chur i dtoll a chéile a thabharfaidh aghaidh ar chiníochas, gnéasachas, homafóibe agus trasfóibe. Bhí thart ar 30 duine i láthair agus bhí an t-aiseolas an-dearfach. Mhottaigh na rannpháirtithe gur spás sábháilte agus tacúil a bhí sa chaifé inar féidir leo eispéiris phianmhara agus dheacra a roinnt go héasca. Leagan amach cuimsitheach, suaimhneach agus daonlathach a bhí ann, agus níor ghá do chainteoirí ar tugadh cuireadh dóibh cur i láthair foirmiúil a ullmhú.

“Ceiliúradh ar éagsúlachtaí agus cúlraí cultúrtha i ndomhan na Fraincise”, ceardlann do dhaltai meánscoile

Eagraí an Tionscadail: Sylvie Mossay

Reáchtáil Disciplín na Fraincise laistigh de Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr in Ollscoil na Gaillimhe ceardlann teanga frithchiníochais a rinne ceiliúradh ar éagsúlachtaí agus cúlraí cultúrtha i ndomhan na Fraincise. Reáchtáladh roinnt imeachtaí i rith an lae lena n-áirítear tráth na gceist, comórtas ealaíne, cur i láthair na ndaltaí féin agus mion-léachtaí arna n-eagrú ag Sylvie Mossay a chuir ar chumas na ndaltaí tuiscint níos fearr a fháil ar thíortha na hAfraice agus ar a n-oidhreacht laistigh den ghrúpa tíortha ina labhraítear Fraincis chomh maith le feasacht a mhúscailt i gcoinne an chiníochais.

Ceannródaíocht: Éagsúlacht agus Cuimsitheacht i bPobail Liteartha agus Foilsitheoireachta na hÉireann

Eagraithe an Tionscadail: An Dr Justin Tonra agus an Dr Lindsay Reid

Thug an ócáid seo aghaidh ar an gceist seo a leanas: cén chaoi ar féidir linn tionscail liteartha agus fhoilsitheoireachta níos cuimsithí a fhorbairt a léiríonn cultúr saibhir agus éagsúil na hÉireann? Sa chéad chuid den imeacht, thug údair ó Breaking Ground Ireland (Ashwin Chahacko agus Mary Watson san áireamh) léamha óna saothar cruthaitheach. Is foilséachán úr é Breaking Ground Ireland a seoladh in 2022 ina dtugtar ardán do scríbhneoirí agus maisitheoirí ó chúlráí mionlaigh eitneacha, idir nua agus seanbhunaithe, lena n-áirítear Taistealaithe na hÉireann. Sa dara cuid den imeacht, thug cainteoirí (Sharmilla Beezmohun ó Speaking Volumes ina measc) aghaidh ar ghnéithe éagsúla den chuimsiú agus den éagsúlacht i dtionscail na litríochta agus na foilsitheoireachta in Éirinn, agus iad ag déanamh tagairt dá dtáithí phearsanta ar abhcóideacht agus ar ghníomhaíochas sa réimse seo. Rinneadh iniúchadh sa dá imeacht ar an staid reatha agus déanfaidh siad moltaí maidir leis na cleachtais is fearr chun cuimsitheacht a fhorbairt sna timpeallachtaí sin.



Ceiliúradh ar éagsúlachtaí agus cúlraí cultúrtha i ndomhan na Fraincise



'Open talk: communication, understanding and compassion'

Eagraithe an Tionscadail: Yao Xie, Xiaojian Zheng, Tianxiang Wang, Andrew Levie

Bhí sé mar aidhm ag an imeacht cumarsáid oscailte, tuiscint agus comhbhá a chur chun cinn i measc daoine ó chúraí éagsúla agus iad siúd a labhraíonn teangacha éagsúla. Chuir an t-imeacht seo roimhe painéal cainteoirí a thabhairt le chéile ar féidir leo a gcuid taithí agus scéalta féin a roinnt faoi mhaireachtáil i dtimpeallacht an dara teanga, agus fóram a chruthú dóibh siúd a bhí i láthair ceisteanna a chur agus a bheith páirteach sa phlé. D'fhéach an t-imeacht freisin le hobair chumann ISLA a chur chun cinn mar aon le misean an chumainn tacú le mic léinn agus comhaltaí foirne a bhfuil an Béarla á úsáid acu mar dhara teanga. Bhí modhanna faisnéise comhchoiteanna in úsáid ag an imeacht, agus tugadh spreagadh dóibh siúd a bhí i láthair cur leis na réitigh phraiticiúla. Fuair an t-imeacht seo tacaíocht ó Oifig na gCumann chomh maith.

'Experience Africa'

Eagraithe an Tionscadail: Thembela Lubimbi agus Gugulethu Vusi Thabethe

Is é cuspóir an tionscadail taithí a thabhairt do dhaoine ar an Afraic agus na scéalta is annaimhe a insítear a insint. Tugadh deis do dhaoine foghlaim faoi thíortha agus cultúir éagsúla na hAfraice agus faoi Afracaigh éagsúla. Léirigh taispeántas gailearaí gnéithe éagsúla, mar shampla na cathracha, na tionscail, an tírdhreach álainn, gnéithe éagsúla den chultúr cosúil le bia agus éadaí, agus fíricí suimiúla faoi thíortha éagsúla na hAfraice. Áiríodh leis an imeacht freisin bia traidisiúnta na hAfraice agus bhí taispeántas ann d'éadaí de dhéanamh na hAfraice idir dhearadh agus ábhar, both ceannbheartaithe, ceol agus bothán gruaige Afracach áit ar fhoghlaim daoine faoi bhréadú, an stair agus an bunús atá aige, mar aon le both do thráth na gceist. Thacaigh Oifig na gCumann leis an imeacht seo freisin.



'Open talk: communication, understanding and compassion'



'Experience Africa'

“Ná tabhair neamhaird ar an gciníochas”

Físeán 'We are One'

Comhdháil Náisiúnta an ÚAO ar Chomhionannas Ciníoch

Bhí Ollscoil na Gaillimhe ina hóstach don chéad Chomhdháil Náisiúnta ar Chomhionannas Ciníoch de chuid an ÚAO Dé Luain, an 20 Márta 2023. Tarraingíodh aird sa chomhdháil seo ar na gnéithe struchtúracha, institiúideacha agus stairiúla den chiníochas a chuaigh i bhfeidhm ar chleachtais san am a caitheadh agus san am i láthair in Institiúidí Ardoideachais agus sna pobail ina bhfuil siad suite. Sheol an ÚAO [Plean Feidhmiúcháin Náisiúnta don Chomhionannas Ciníoch san Ardoideachas](#) i mí Mheán Fómhair 2022 agus tabharfaidh sé seo deis don fhoireann ar fud na hearnála teacht le chéile chun comhionannas ciníoch in earnáil Ardoideachais na hÉireann a phlé agus chun foghlaim faoi dhea-chleachtais in Éirinn agus thar lear. Ba é Uachtarán Ollscoil na Gaillimhe, Ciarán Ó hÓgartaigh, a d'oscail an chomhdháil agus thug an Dr Arun Verma, ar saineolaí é ar chomhionannas ciníoch san Ardoideachas, an príomhthéasc, agus bhí plé painéil ina dhiaidh sin ar Chine agus Frithchiníochas in earnáil Ardoideachais na hÉireann. Sheol an tOllamh Kalpana Shankar (COBÁC) sraith de Phrionsabail Frithchiníochais d'Institiúidí Ardoideachais na hÉireann go hoifigiúil ag an gcomhdháil. Tabharfaidh na Prionsabail aghaidh ar mholtaí sa Tuarascáil faoi Chomhionannas Ciníoch, a iarrann ar cheannaireacht na nInstitiúidí Ardoideachais an comhionannas ciníoch a neadú go réamhghníomhach laistigh de na hinstitiúidí ardoideachais.



Comhdháil Náisiúnta an ÚAO ar Chomhionannas Ciníoch, Ollscoil na Gaillimhe, 20 Márta 2023. Ó chlé: An tOllamh Kalpana Shankar, an tUachtarán Ciarán Ó hÓgartaigh, an Dr Helen Maher, an Dr Arun Verma

Tionscadail an Chiste Feabhsaithe Comhionannais Inscne

Bhronn an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) maoiniú de €782,755 faoin gCiste Feabhsúcháin Comhionannais Inscne 2022 chun tionscnaimh chomhionannais inscne a chur chun cinn in earnáil ardoideachas na hÉireann.

Bronnadh sé dhámhachtain thar thrí réimse leathana:

- taighde ar thionscnaimh chomhionannais inscne in Éirinn nó tionscnaimh dá leithéidí a chur chun cinn;
- cláir oiliúna a thugann aghaidh go sonrach ar chomhionannas inscne;
- gníomhaíochtaí forbartha acmhainne Athena SWAN.

Bhí Ollscoil na Gaillimhe rathúil mar chomhpháirtí ceannais ar thionscadal a thabharfaidh aghaidh ar an mbearna phá idir na hinscní in ardoideachas na hÉireann agus comhoibreoigh sí le Coláiste Mhuire gan Smál, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan ar roinnt tionscnamh trasearnála.

Ag tabhairt aghaidh ar an mBearnna Phá idir na hInscnín in earnáil Ardoideachais na hÉireann (faoi stiúir Cheannasaí EDI, Ollscoil na Gaillimhe)

Is é aidhm an tionscadail seo príomhchúiseanna na bearna pá idir na hinscní a aithint mar aon leis na hidirghabhálacha atá tugtha isteach ag eagraíochtaí ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an bhearna sin a dhúnadh. Ina theannta sin, díreoidh an tionscadal ar uirlis samhaltaithe idirghníomhach a chruthú a úsáidfear chun éifeachtúlacht idirghabhálacha áirithe a thástáil maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a laghdú in institiúidí a bhfuil baint acu leis an tionscadal. Scaipfear torthaí an tionscadail i seimineár náisiúnta agus i bpáipéar ina ndéanfar doiciméadú ar phríomhthorthaí an tionscadail agus ina gcuirfear síos ar chur i bhfeidhm an tsamhaltaithe idirghabhála.



Tearmann na scríbhneoirí i gCaisleán Chionn Eitigh, 27 Feabhra 2023

Ag Athrú Comhionannas Inscne agus Cuimsiú san earnáil Ardoideachais in Éirinn – Peirspictíochtaí Comhaimseartha (príomhpháirtí: Coláiste Mhuire Gan Smál)

Is é cuspóir an tionscadail seo leabhar a bheidh curtha in eagar a fhoilsiú ina ndéanfar machnamh, imscrúdú agus anailís ar na claochluithe atá tarlaithe san ardoideachas in Éirinn le déanaí i dtéarmaí iarrachtaí agus gníomhaíochtaí ceannródaíocha chun comhionannas inscne a neadú ar bhealach cuimsitheach agus ilghnéitheach. Áiríodh leis an bhfoilseachán comhoibríoch seo gairm ar chleachtóirí EDI agus ar lucht acadúil in Institiúidí Ardoideachais ar fud Phoblacht na hÉireann caibidlí a chur leis an leabhar. Ina dhiaidh sin réachtáladh dhá thearmann scríbhneoireachta leis na húdair ina raibh ceardlanna stiúrtha. Is deis chomhaimseartha é an tionscadal chun machnamh a dhéanamh ar nádúr an athraithe laistigh de chomhthéacs an ardoideachais in Éirinn agus léiríonn sé cleachtas ceannródaíoch do lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Equality Charters Symposium Ireland – aiming higher, moving forward together (príomhpháirtí: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)

Díríodh sa tionscadal ar ghníomhaíochtaí forbartha acmhainní na cairte comhionannais trí shiompóisiam ar an láthair dírithe ar Athena SWAN, a tionóladh i gColáiste na Tríonóide in Aibreán 2023. Ba iad príomhthéamaí an tsiompóisiam ná athspreagadh,

comhroinnt, foghlaim agus athcheangail de réir mar a théann líonra Athena SWAN Ireland i méid agus i gcás go leor Institiúidí Ardoideachais in Éirinn oibriú i dtreo gradaim airgid scoile Cairte agus institiúide. Bhí láithreoirí/cuir i láthair náisiúnta agus idirnáisiúnta mar chuid den siompóisiam.

Fir a spreagadh le comhionannas inscne a fhorbairt – clár píolótach a fhorbairt in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann (príomhpháirtí: Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan)

Díríonn an tionscadal seo ar ról na bhfear in obair comhionannais inscne agus ar an bhfírinne nach féidir le mná ag gníomhú astu féin comhionannas inscne a bhaint amach. Is é aidhm an tionscadail seo ná sainchlár a chruthú d'Institiúidí Ardoideachais na hÉireann chun feasacht a mhéadú i measc na bhfear go bhfuil ról tábhachtach acu agus go bhfuil gá lena rannpháirtíocht chun comhionannas inscne a bhaint amach. Tabharfaidh an clár na huirlisí is gá d'fhir chun a rannpháirtíocht le comhionannas inscne a dhoimhniú.

Ceardlann ‘Siúlóid Trasnachais’

Reáchtáil OVPEDI ceardlann ‘An tSiúlóid Trasnachais’ ar an gcampas an 4 Bealtaine chun taithí a fháil go díreach ar bhonn píolótach ar conas is féidir le dearcadh trasnachais cur le cuimsiú daoine éagsúla agus le feidhmíocht eagraíochtaí. Is gníomhaíocht thumtha í an tSiúlóid Trasnachais a thugann deis don rannpháirtí an t-ionad oibre a fheiceáil ó pheirspictíocht eile agus breathnú ar an gcaoi ar féidir leo cur ar chumas daoine cur lena gcuid buncháilíochtaí agus lena mbuanna. Cuireann Ceardlann na Siúlóide Trasnachais ar chumas daoine iad féin a chur i mbróga duine eile agus taithí a fháil ar an ionad oibre ó pheirspictíocht eile. Tá sé deartha chun cabhrú le tuiscint níos fearr a chruthú ar an gcaoi ar féidir le bacainní beaga carnadh agus cur le míbhuntáistí. Chuidigh an cheardlann phraiticiúil seo le hathruithe beaga a phiocadh amach a gheobhadh réidh le bacainní sa chóras agus sa struchtúr, rud a dhéanfadh difríocht mhór i gcumas daoine a gcuid buanna iomlána a bhaint amach agus, mar thoradh air sin, taithí a fháil ar chuimsiú agus muintearas i ndáiríre.

D'fhorbair an Dr Cate Thomas, Ollscoil Charles Sturt, New South Wales agus a cuid comhghleacaithe an tSiúlóid mar chur chuige oideachais chun trasnachas a fhorbairt ó theoiric go cleachtas. Cuireann an tSiúlóid daoine aonair, ag baint úsáid as samplaí, i mbróga daoine eile a bhfuil tréithe aitheantais difriúla acu agus a d'fhéadfadh a bheith leochaileach. Tugann sé seo dúshlán do na rannpháirtithe breathnú taobh amuigh dá léargas féin agus a smaointeoireacht agus loighic na héagsúlachta agus an chuimsithe a leathnú.

Mar chleachtadh, cuireann an tSiúlóid léiriú praiticiúil ar fáil ar an éifeacht mhór a bhíonn ag fachtóirí éagsúla aitheantais a d'fhéadfadh daoine a chur faoi mhíbhuntáiste san ionad oibre. Is gníomhaíocht í atá bunaithe ar ghníomh a léiríonn an chaoi a mbíonn tionchar ag trasnachas ar rannpháirtíocht duine ag an obair, agus ar an gcaoi ar féidir le haithint agus maolú bacainní struchtúracha é sin a athrú. Tá comhpháirt oideachais ann freisin d'aon ghnó maidir le conas athrú mór struchtúracha a bhaint amach – trí chuimsiú.

Dráma maidir le Toiliú Gníomhach*

'The Kinds of Sex You Might Have at College'

Is comhpháirtíocht fhadtéarmach é 'The Kinds of Sex You Might Have at College' ina bhfuil foireann acadúil ón Drámaíocht agus Amharclannaíocht agus ón tSíceolaíocht in Ollscoil na Gaillimhe le tacaíocht ó mhic léinn agus alumni a oibríonn go gairmiúil sna tionscail chruthaitheacha páirteach. Déanann an dráma trácht ar ábhair éagsúla a bhaineann le gnéas agus toiliú, lena n-áirítear féiniúlacht inscne, nochtadh, conas plé le mí-iompar gnéis laistigh de ghrúpa cairde, nádúr neamhlíneach an leighis ó thráma, agus mí-úsáid ghnéasach íomhá-bhunaithe. Forbraíodh na topaicí agus na radhairc atá clúdaithe sa dráma mar fhreagra ar shonraí taighde maidir le Toiliú Gníomhach* ar eispéiris ghnéis daoine óga, agus ar eispéiris foréigin agus ciaptha gnéis.

Cóiríodh dráma an choláiste ansin do lucht féachana meánscoile go luath i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus cuireadh How I Learned About Consent ar siúl ar feadh dhá lá ar bhonn píolótach in Ollscoil na Gaillimhe do 4 scoil. Tugadh faoi deara go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar an dearcadh toilithe sa leagan píolótach agus thuairiscigh múinteoirí go raibh an seó oiriúnach agus úsáideach dá ndaltaí. Tugann an dráma deis don lucht féachana imeachtaí a fheiceáil; agus féachaint cad is féidir a dhéanamh chun suíomh féideartha gnéis a fheabhsú agus féachaint cén chuma atá ar thoiliú agus neamhthoiliú.

Bhraith formhór na mac léinn a d'fhéach ar an dráma, ar an meánscoil agus ar an tríú leibhéal araon, go raibh rud éigin foghlamtha acu faoi thoiliú/foréigean nó ciapadh gnéis, agus go ndeachaigh siad i ngleic leis na gnéithe ar an stáitse (bhí an aisteoireacht, scríbhneoireacht, stíleanna léirithe agus teachtaireachtaí go mór i gceist).

"Bhí gach carachtar níos daonna. Chuaigh an radharc deiridh ag plé le toiliú dearfach i gcion go mór orm mar is dóigh liom go ndírítear go leor ar thoiliú diúltach agus ar an méid a théann mícheart."

aiseolas mac léinn

Ó chlé MJ Devlin
Larsen, Gavin Friel,
Ailish McDonagh,
Ikenna Anyabuike



Seaimpíní Éagsúlachta Choláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

Chun imeascadh, cuimsiú, éascú, agus glacadh le héagsúlacht na mac léinn in CBPPL, thionóil an Leas-Déan EDI foireann de 22 mac léinn ó fud fad an Choláiste (iarchéimithe idirnáisiúnta den chuid is mó) mar Sheaimpíní Éagsúlachta.

Le beagán maoinithe ó chiste tionscadail EDI, chuir na Seaimpíní Éagsúlachta bailiúchán d'íomhánna agus físeán rólghlactha le chéile dar teideal **'Wondrous Diversity'** inar chuir roinnt de na Seaimpíní Éagsúlachta in iúl na fóireispéiris ciníochais a d'fhulaing roinnt dár gcuid mac léinn le haird a tharraingt orthu le linn Sheachtain Frithchiníochais Nelson Mandela. Tá dhá theachtairacht shimplí san fhíseán: 'Ná dún do shúile ar an gciníochas' agus 'Is aon chine daonna amháin sinn'. Fuair ceannairí an dá thionscadal seo, Suvankar Roy agus Mohanjit Kaur, Teastas Buíochais ón Leas-Uachtarán EDI, an Dr Helen Maher, agus litir bhuíochais ón Uachtarán.



Imeachtaí Idirchultúrtha Choláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta

Reáchtáil Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta dhá imeacht Idirchultúrtha an 20 Aibreán 2023 san Aula Maxima.

Is féile ealaíne bheag a bhí sna himeachtaí mar gheall ar ár ndaonnacht choiteann agus úsáideann sé *Depositions* de chuid Anton Floyd – leabhar dánta bunaithe ar ghéarchéim dhomhanda na ndéanaithe agus ar dhíláithriú an daonra. Bhí ceol beo ann ón amhránaí-scribhneoir Michael O'Donovan, *The Lost Gecko*, an scannán *From Tehran to Galway*, gearrscannán faisnéise a léirigh Ollscoil na Gaillimhe faoi scéal dídeanaithe an Ollaimh Afshin Samali, chomh maith le scannáin filíochta agus damhsa chomh maith le léamh filíochta ón mbailiúchán.

Bhí an t-imeacht am lóin ar siúl ó 1pm–2pm áit ar chuir Uachtarán Ollscoil na Gaillimhe, an tOllamh Ó hÓgartaigh tús leis an imeacht. Chuir an file as Gaillimh, Mary O'Malley, an cnuasach i láthair le linn na hócáide a bhí ar siúl idir 7pm–9pm agus is í an Dr Helen Maher a chuir tús leis an ócáid.

Cuireadh aon bhrabús as díolacháin *Depositions* i dtreo UNCHR – Éire, gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe le haghaidh dídeanaithe.

An Podchraoladh Alternative Eye

Choimisiúnaigh Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh an dara sraith podchraoltaí faoin éagsúlacht leis an léiritheoir fuaime a bhfuil gradaim bainte amach aici, Orla Higgins. Tar éis sraith fhíolótach rathúil in 2022, seoladh sraith nua Alternative Eye in 2023 agus bhí sé ar siúl i rith mhí an Mhárta, ag an am céanna le hobair na hOllscoile ar Chreat do Chomhionannas Ciníochas a fhorbairt. Craoladh na 5 phodchraoladh, a dhírigh ar théama an chiníochais, ar Flirt FM. Tá sé i gceist go bhféadfaí ábhar fuaime ardchaighdeán dá leithéid a úsáid chun críocha teagaisc. Is féidir teacht ar gach eagrán ag <https://flirtfm.ie/articles/alternative-eye/> nó ar ardáin éagsúla podchraoltaí.



Tionscadal Foghlama Seirbhíse chun Imircigh agus Dídeanaithe a Chuimsiú

Tionscadal Foghlama Seirbhíse chun Imircigh agus Dídeanaithe a Chuimsiú Trí mhaoiniú Erasmus a bronnadh ar CKI, tá an Leas-Uachtarán don Rannpháirtíocht, an Dr Paul Dodd, agus an Leas-Uachtarán EDI, an Dr Helen Maher, araon ag comhoibriú chun comhpháirtíocht ollscoile-phobail a sholáthar ar mhaithe le clár acadúla d'imircigh agus dídeanaithe chun iad a chur san áireamh sa churaclam trí mhodheolaíochtaí foghlama pobalbhunaithe, nó oideolaíocht foghlama seirbhíse. Tá Ollscoil na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Verona, Ollscoil Santiago de Compostela, agus eagraíochtaí neamhbhrabúis [ACCEM](#) agus Glocal Factory chun guthanna agus eispéiris na bpobal nua a thabhairt isteach sa seomra ranga agus ag an am céanna tacú le mic léinn dul i ngleic go díreach le heagraíochtaí a thugann aghaidh ar fhriithchiníochas, idirchultúrachas agus comhghuaillíocht. Rachaidh mic léinn i mbun tionscadail phraiticiúla i modúil tríd an Ród seo Romhat agus tá gearrchúrsa oiliúna déanta ag an bhfoireann le hionchur ón Ollscoil Tearmainn, Cúinne na Cruthaitheachta, GOCOM Radio agus Campus Engage. Cuirfear fáilte roimh na comhpháirtithe chuig Ollscoil na Gaillimhe an 8 Samhain chun comhoibriú le heagraíochtaí neamhbhrabúis chun a chinntiú go dtugann oideolaíocht ardoideachais aghaidh ar fhíor-riachtanais shocháíochas na bpobal nua. Chun tuilleadh a fhoghlaim tabhair cuairt ar: www.service-learning-m.eu



Service-Learning
Migrants/Refugees

EDI de chuid Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh (CASSCS) i Seimineár Taighde

Rinneadh áisitheoireacht in CASSCS ar sheimineár rathúil ar thaighde EDI in Institiúid de Móra Dé hAoine, an 3 Márta 2023. Tháinig an t-imeacht seo le haidhm straitéiseach an Choláiste 'an fhoireann a spreagadh chun cur chuige EDI i dtaighde a iniúchadh agus tionscadail ar leith a bhaineann le EDI a fhorbairt'. Chuir comhghleacaithe atá ag forbairt téamaí a bhaineann le EDI nó a úsáideann prionsabail EDI chun a gcuid taighde a threorú a gcuid oibre i láthair ag an

seimineár. I measc na dtéamaí a clúdaíodh bhí tomhas éifeachtacht na ngníomh EDI, oideachas, inscne, rannpháirtíocht a leathnú, suíomhacht, modheolaíocht, an óige agus leanaí, imirce agus teanga. Leag an seimineár béim ar an tábhacht a bhaineann le EDI sa taighde atá á reáchtáil cheana féin ar fud an Choláiste agus an gá atá le spás rialta chun é a roinnt agus a phlé. Táthar ag súil imeachtaí den chineál céanna a reáchtáil gach seimeastar as seo amach.

Spríoc 4:

Cultúr campais a
chothú atá fáilteach,
cuimsitheach,
sábháilte agus
saor ó idirdhealú





Creat agus Plean Gnímh do Chomhionannas Ciníochas 2023-2027

Faoi choimirce Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, rinne an Coiste do Chomhionannas Ciníochas, faoi chathaoirleacht Owen Ward, Bainisteoir Cláir EDI do Chomhionannas Ciníochas, maoirsiú ar fhorbairt Chreat agus Plean Gnímh do Chomhionannas Ciníochas Ollscoil na Gaillimhe (2023 – 2027) le linn na bliana acadúla 2022/23.

Is é an Creat agus Plean Gnímh seo do Chomhionannas Ciníochas cur chuige comhordaithe Ollscoil na Gaillimhe chun deireadh a chur le ciníochas de gach cineál san ollscoil. Áirítear leis seo frith-Sheimíteachas, islamafóibe, ciníochas a mbíonn tionchar aige ar dhaoine de bhunadh Afracach, ar Áisigh, ar Thaistealaithe Éireannacha agus ar Romaigh, chomh maith le himircigh, teifigh agus lucht iarrtha tearmainn.


Dearadh é mar fhreagra ar eispéiris dhoiciméadaithe comhaltaí foirne agus mac léinn ar de bhunadh mionlaigh eitnigh iad, agus cuirfead i gcrích é trí phróiseas comhairliúcháin agus tiomsaithe sonraí téagartha agus ilghnéitheach. Ina theannta sin, tá ionchur ann ag [glaoh na Náisiún Aontaithe ar ghníomh domhanda chun deireadh a chur leis an gciníochas, Aontas an Chomhionannais: Plean Gnímh an Aontais maidir le Frithchiníochas 2020-2025, Plean Gnímh Náisiúnta na hÉireann i gcoinne an Chiníochais,](#)

[Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine, Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022](#) agus [Tuarascáil Chomhairle na Mac Léinn Idirnáisiúnta i gCoinne an Chiníochais.](#)

Chomh maith leis sin, tá ionchur ag an Údarás um Ard-Oideachas trína Thuarascáil ar Chomhionannas Ciníochas san Earnáil Ardoideachais, [Plean Feidhmithe don Chomhionannas Ciníochas 2022 - 2024](#) agus [Prionsabail Frithchiníochais d'Institiúidí Ardoideachais na hÉireann.](#)

Tugann an Creat do Chomhionannas Ciníochas agus Plean Gnímh d'Ollscoil na Gaillimhe treo soiléir chun na spriocanna comhionannais ciníochas atá leagtha amach i [bhFís agus Straitéis na hOllscoile 2020 - 2025](#) agus i [Straitéis na hOllscoile don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 2020 - 2025](#) a chomhlíonadh. Tá na luachanna Meas, Oscailteacht, Inbhuanaitheacht agus Barr Feabhais mar bhonn agus mar thaca aige, agus ag an am céanna tá sé fréamhaithe i dtiomantas do chearta an duine, don daonlathas, agus do riail an dlí agus tugtar aitheantas chomh maith do dhualgais Ollscoil na Gaillimhe maidir le cearta daonna a urramú agus a chosaint. Seolfar an Creat agus an Plean Gnímh do Chomhionannas Ciníochas go hoifigiúil i mí na Samhna 2023.

Léarscáil Chomhairleach don Chreat agus Plean Gnímh do Chomhionannas Ciníochas



Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh

An Coiste d'Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh

Tá an Coiste d'Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh fós dírithe ar chur i bhfeidhm an [Chreata chun Deireadh a chur le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann](#), chomh maith le béim níos leithne ar fhoréigean gnéis agus ar chiapadh a chosc agus a fhreagairt.

Cuireadh an tuarascáil bhliantúil ar chur i bhfeidhm an Chreata faoi bhráid an ÚAO i mí Eanáir. Bhí cur síos ann ar an dul chun cinn go dtí seo maidir leis na gníomhartha atá leagtha amach i bPlean Gnímh an Chreata d'Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis (ESVH) de chuid Ollscoil na Gaillimhe. Baineann gníomhartha sonracha le cur i bhfeidhm polasaithe, meicníochtaí chun foireann agus mic léinn a thuirisciú agus tacú leo, feasacht, oideachas agus oiliúint.

Comhordaitheoir maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh

Thosaigh an Comhordaitheoir maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh i mí Feabhra 2023. Is é príomhfhócas reatha an ról seo ná plean feabhsaithe oideachais agus oiliúna cuimsitheach a fhorbairt chun díriú ar mhéadú feasachta i gcomhthéacsanna éagsúla, ag tógáil ar an obair atá déanta faoi choimirce an Phlean Feidhmiúcháin ESVH institiúidigh. Áireoidh sé seo forbairt acmhainní agus feachtais ardaithe feasachta.

Tá an plean gnímh institiúideach á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair ag Rebecca chun dul chun cinn leanúnach faoi gach ceann de na gníomhartha sonracha a léiriú. Áiríonn an próiseas seo ciall a bhaint as cuid de na gníomhartha chun dúbailt oibre a laghdú agus comhtháthú a fheabhsú sa phlean agus réimsí a aithint le haghaidh tuilleadh forbartha.

Speisialtóir Forbartha Polasaí

Thosaigh an Speisialtóir Polasaí dírithe ar Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh i mBealtaine 2023. Déanfaidh an Speisialtóir athbhreithniú agus anailís chuimsitheach ar an mbonneagar polasaí atá i bhfeidhm don fhoireann agus do na mic léinn araon. Áireoidh sé seo comhairliúcháin fairsing le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun athbhreithniú suntasach a dhéanamh ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta.

Straitéis le Gníomhú: Ag cur Deireadh le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis in Institiúidí Ardoideachais

Reáchtáil Ionad Barr Feabhais an ÚAO don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú comhdháil aon lae 'Evidence to Action: Ending Sexual Violence and Harassment in Higher Education Institutions' an 8 Nollaig 2022. Léiríodh ag an gcomhdháil seo an fhianaise is déanaí agus an dea-chleachtas leanúnach ar fud na hearnála, roinneadh an fhoghlaim agus pléadh tosaíochtaí agus cineálacha cur chuige don todhchaí i gcomhthéacs thorthaí suirbhéanna a rinneadh le déanaí agus seoladh 'Plean Feidhmiúcháin Ag cur Deireadh le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis in Institiúidí Ardoideachais, 2022-2024'.



Ó chlé: An Dr Helen Maher, Gemma MacNally, Aoife Cooke, Ailish McDonagh, Gavin Friel, MJ Devlin Larsen, Rebecca Connolly, James McCormack, an Dr Pádraig MacNeela.

Plean Feidhmiúcháin Ag cur Deireadh le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis in Institiúidí Ardoideachais, 2022-2024

Forbraíodh an 'Plean Feidhmiúcháin Ag cur Deireadh le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis in Institiúidí Ardoideachais, 2022-2024' mar fhreagra ar thuarascálacha an tSuirbhé Náisiúnta ar Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis san Ardoideachas' fad a bhaineann sé le mic léinn agus comhaltaí foirne, seolta i mí Dheireadh Fómhair 2022 (ar fáil [anseo](#)).

I dtreo Cur Chuige Neamhfhulaingthe: Treoir Dea-Chleachtais

Sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an tAire Dlí agus Cirt, Simon Harris TD, 'I dtreo Cur Chuige Neamhfhulaingthe: Treoir Dea-Chleachtais' i mí Aibreáin 2023. Tugann an Treoir Dea-Chleachtais comhairle shonrach maidir leis na moltaí éagsúla i gCreat 2019 a chur i bhfeidhm 'Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach – Ag cur Deireadh le Foréigean agus Ciapadh Gnéisach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann'. Tá sé bunaithe ar chomhairliúchán fairsing leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta (NAC), fóram fíor-nuálach, faoi stiúir Chomhairle Náisiúnta na mBan, a thugann le chéile HEIS, seirbhísí foréigin gnéis, an tÚdarás um Ard-Oideachas, An Garda Síochána, eagraíochtaí ban agus mac léinn agus comhlachtaí speisialtóireachta.

"Tá an fhoireann agus na mic léinn i dteideal timpeallacht shábháilte chun staidéar a dhéanamh agus chun oibre, saor ó chiapadh nó foréigean. Tá freagracht ar leith orthu siúd atá freagrach as oideachas a chur ar an gcéad ghlúin eile as a chinntiú go bhfuil a gcuid mac léinn agus a bhfoireann in ann an t-athrú a chur i bhfeidhm is gá ó shochar nach nglacfaidh le foréigean agus ciapadh gnéis." (An tAire Simon Harris)



Ó chlé: Kate Tierney, Aoife Grimes, Grace McGee, Kathy Heavey, Rebecca Connolly

We-Consent

I mí an Mhárta 2023, sheol Ionad Géarchéime um Éigniú Bhaile Átha Cliath (DRCC), in éineacht leis an Aire Dlí agus Cirt, Simon Harris TD, agus Community Foundation Ireland We-Consent, feachtas náisiúnta chun eolas, oideachas agus teagmháil a dhéanamh le gach ball de shochar na hÉireann maidir le toiliú. Spreagfaidh an feachtas tuilleadh plé bríomhar oscailte faoi ghnéas agus caidrimh agus cuirfidh sé leis an tuiscint ar thoiliú.



Seoladh an chlár 'We-Consent' de chuid an Ionaid Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath, 22 Márta 2023, Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath

Speak Out

Is ardán tuairiscithe anaitnid ar líne é Speak Out don fhoireann agus do mhic léinn chun buláíocht, cibearbhulaíocht, ciapadh, leithcheal, fuathchoireacht, iompar/rialú comhéigeantach, stalcaireacht, ionsaí, gnéaschiapadh, ionsaí gnéis nó éigniú a chur in iúl.

Is príomhspríoc é Speak Out i bPlean Gnímh d'Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis de chuid Ollscoil na Gaillimhe a chuirfidh ar chumas na hOllscoile sonraí a bhailiú agus cuidiú le cur i bhfeidhm tionscnamh oideachais agus polasaí, agus daoine a threorú chuig seirbhísí tacáíochta agus cabhrach.

Rinneadh meastóireacht náisiúnta ar Speak Out i mBealtaine 2023 agus seolfar tuarascáil in 2023.



Is ardán tuairiscithe anaitnid ar líne é Speak Out don fhoireann agus do mhic léinn chun Buláíocht, Cibearbhulaíocht, Ciapadh, Leithcheal, Fuathchoireacht, Iompar/Rialú Comhéigeantach, Stalcaireacht, Ionsaí, Gnéaschiapadh, Ionsaí Gnéis nó Éigniú a chur in iúl.

[UNIGALWAY.SPEAKOUT.IE](https://unigalway.speakout.ie)


Tá Speak Out ar fáil ag unigalway.speakout.ie

UniSAFE

Tá Ollscoil na Gaillimhe rannpháirteach i dtionscadal UniSAFE, ar tionscadal AE trí bliana é chun fianaise intomhaiste a sholáthar ar a choitianta atá foréigean ar bhonn inscne in ollscoileanna agus in eagraíochtaí taighde. Tá an tionscadal UniSAFE sa dara céim anois agus an bhéim ar oiliúint agus forbairt acmhainne, mapáil polasaí, moltaí polasaí agus torthaí taighde. Áirítear ar na haschuir go dtí seo sraith uirlisí mar shampla [Treoir d'Fheachtais Ardaithe Feasachta](#) agus [Treoir maidir le Creat Polasaí a Fhorbairt](#). Aschur suntasach ón tionscadal is ea an Múnla 7P is é sin cur chuige iomlánaíoch chun dul i ngleic le foréigean ar bhonn inscne in Eagraíochtaí Taighde.



UniSAFE
ENDING GENDER-BASED VIOLENCE



Oiliúint Túsphointe Teagmhála

Tá oiliúint Túsphointe Teagmhála curtha ar fáil anois ag Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn in Ollscoil na Gaillimhe agus ag Ionad Géarchéime um Éigníú na Gaillimhe le tacaíocht ón gComhordaitheoir maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh d'ocht ngrúpa foirne agus mac léinn i bpoist freagrachta. Tá an oiliúint bunaithe ar thráma agus is éard atá i gceist leis ceithre sheisiún a dhíríonn ar chomhaltáí foirne agus ar mhic léinn a thraenáil trí scileanna cumarsáide agus idirphearsanta a thabhairt dóibh a bheidh ag teastáil chun an tacaíocht tosaigh a thabhairt do dhuine a bhfuil foréigean gnéis nó ciapadh gnéis fulaingthe aige nó aici agus chun é nó í a threorú chuig na seirbhísí cuí.

Mothaíonn an té a bhfuil oiliúint orthu níos mó muiníne ag treorú daoine chuig tacaíochtaí gairmiúla cuí más rud é go mbíonn comhrá tacúil acu ar dtús le duine atá buailte ag foréigean gnéis nó ciapadh gnéis, agus beidh siad mar chuid de líonra leanúnach daoine i bpobal na hollscoile den mheon céanna a bhfuil na luachanna céanna measa agus tacaíochta acu.

Fuarthas maoiniú ó thairiscint IRC New Foundations chun oiliúint Túsphointe Teagmhála a mheas, tar éis togra a fháil ó Thoiliú* Gníomhach agus Ionad Éigeandála um Éigníú na Gaillimhe. Tá aiseolas thar a bheith dearfach faighte faoin oiliúint ó na rannpháirtithe go dtí seo, agus is gné an-lárnach í d'acmhainneacht a fhorbairt ar mhaithe le tacaíochtaí tráma-bhunaithe laistigh den ollscoil.



Rannpháirtithe Oiliúna Túsphointe Teagmhála

“Bhain mé an-taitneamh as an oiliúint; cruthaíodh timpeallacht thacúil eolasach ón tús. Thaitin sé go háirithe liom gur cleachtóirí iad na hoiliúnóirí agus go bhféadfadh siad eispéiris roimhe seo a roinnt. Tá an oiliúint seo riachtanach don fhoireann agus do na mic léinn go léir – go háirithe bainisteoirí agus iad siúd i bpoist a bhfuil tionchar acu”

Rannpháirtí Túsphointe Teagmhála 2022.

Toiliú, Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis: Modúl FGL i gCleachtadh & Scileanna Cleachtóra

Chuir an tríú agus an ceathrú cohórt rannpháirtithe an clár Toilithe Ghníomhaigh* i gcrích in 2023. I measc an lucht tacaíochta, bhí an tIonad Géarchéime um Éigniú na Gaillimhe agus an Comhordaitheoir maidir le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh.

Tacaíonn an modúl le daoine a bhfuil baint acu le clár agus tionscnaimh a bhaineann le toiliú, foréigean gnéis agus ciapadh gnéis a chur i bhfeidhm. Ag tarraingt ar shamplaí a bhaineann leis an gCreat Toilithe ('Slán, Measúil, Tacúil & Dearfach: Deireadh a chur le Foréigean Gnéis & Ciapadh Gnéis in Institiúidí Ardoideachais na Éireann') atá á chur chun cinn ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ag obair le hiarbhunscoileanna, agus suíomhanna pobail eile.

Tacaíonn an modúl le cleachtóirí, taighdeoirí, agus tacadóirí a bhfuil spéis acu sna réimsí seo chun a gcur chuige maidir le toiliú, foréigean gnéis agus ciapadh gnéis a fhorbairt tuilleadh – trí mhachnamh a dhéanamh ar chultúr eagraíochtúil agus aghaidh a thabhairt air, ag smaoineamh go criticiúil ar struchtúir agus ar phróisis institiúideacha, agus trí thionscnaimh spriocdhírthe.



Rannpháirtithe ar an Modúl FGL i gCleachtadh & Scileanna Cleachtóra: Toiliú, Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis.

Oiliúint, Oideachas agus Méadú Feasachta

Reáchtáil an Oifig EDI seimineár polasaí agus cleachtais i gcomhar leis an gclár Toilithe* Ghníomhaigh an 16 Meitheamh le Clarissa J. DiSantis Humphreys, Bainisteoir maidir le Mí-iompar Gnéis a Chosc agus Freagairt dó sa Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Folláine Mac Léinn in Ollscoil Durham.

Chuir Clarissa treoir phraiticiúil i láthair maidir le conas aghaidh a thabhairt ar fhoréigean gnéis agus ar fhoirmeacha gaolmhara foréigean inscne-bhunaithe i suíomh ardoideachais, ag baint úsáid as cur chuige cuimsitheach ar fud na hinstiúide. Bhí an modh eiticíúil bunaithe ar thráma agus ar an marthanóir agus ag an am céanna bhí sé trasnach agus bhí cuntasacht lucht déanta na coire ag teastáil.

"Ba cheart go mbeadh cinntiú gur féidir le mic léinn agus le fostaithe rochtain a fháil ar a gcuid oideachais agus a n-ionad oibre saor ó eagla nó ó eispéireas an chialtha agus an fhoréigin i gcroílár gach a ndéanaimid"

Clarissa J. DiSantis



Ar chúil, ó chlé: An Dr Laura Loftus, Aoife Cooke, an Dr Siobhán O'Higgins, Niamh Kavanagh, Owen Ward, an Dr Helen Maher. Chun tosaigh, ó chlé: An Dr Pádraig MacNeela, an tUachtarán Ciarán Ó hÓgartaigh, an Dr Charlotte McIvor, Niamh Gallagher, Margaret Forde, Rebecca Connolly

Ollscoil Tearmainn

Chuir Clár Scoláireachta na nOllscoileanna Tearmainn (UoS) fáilte roimh naonúr mac léinn nua chuig an Ollscoil don bhliain acadúil 2022/23. Tá an Clár ina cheathrú bliain faoi láthair, agus tá sé oscailte d'arratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, do dhéanaithe, do ghrúpaí inimirceacha leochaileacha agus do Thaistealaithe na hÉireann. I gcomhar le ceithre Choláiste na hOllscoile, tá fáilte curtha ag an gClár roimh 38 mac léinn ó 20 tír éagsúil chuig an Ollscoil go dtí seo, agus chun tacú leis an gcohort seo ar a n-aistear oideachasúil déantar iad a phéireáil le meantóirí tacaíochta agus acadúla araon. Cuirtear oiliúint shaincheaptha a forbraíodh i gcomhar le Spirasi, Foróige, agus Gluaiseacht Thaistealaithe na Gaillimhe (GTM) ar mheantóirí na hOllscoile Tearmainn. Bíonn meantóirí nua ag teastáil ón gClár i gcónaí, agus is bealach iontach é d'fhoireann na hOllscoile caidrimh fhiúntacha a fhorbairt le roinnt de na mic léinn is díchumhachtaithe a mbíonn orthu déileáil le leithcheal ina saol laethúil. Is féidir le comhaltaí foirne cur síos ar an ról meantóireachta a fheiceáil agus spéis a léiriú maidir le bheith ina meantóir ag www.universityofgalway.ie/sanctuary/scholarships. I mbliana, thug an Clár tacaíocht freisin do Chlár Passworld an AE, ag soláthar stipinne agus tacaíocht mheantóra don mhac léinn atá ag teacht isteach.

Tá Clár na Scoileanna Tearmainn ag dul ó neart go neart, tar éis ócáid eolais a reáchtáladh san Institiúid Cúrsa Saoil & Sochaí (ILAS) i mí na Samhna 2022. Spreag an t-imeacht bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa réigiún le tabhairt faoina n-aistear Tearmainn, agus d'fhreastail go leor ionadaithe ó roinnt scoileanna air. Tar éis na hócáide, ghlac Iar-Bhunscoil na Gaillimhe Ag Foghlaim le Chéile agus Coláiste

Sancta Maria i gCluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo páirt sa líonra agus rinneadh Scoil Tearmainn as Coláiste Nathy i mBealach an Doirín tar éis cuairt mhonatóireachta ó fhoireann ambasadóirí Tearmainn na Gaillimhe i mí Bealtaine. Reáchtáil Scoil Tearmainn Chathair na Gaillimhe, Scoil Bhríde, ócáid chun Sheachtain na Rothar a cheiliúradh i gcomhar leis an Meitheal Rothar i mí Bealtaine. Spreag an cheardlann na daltaí lena gcuid rothar a thabhairt amach agus go ndeiseofaí iad saor in aisce. Ar feadh Sheachtain na nDéanaithe i mbliana, tabharfaidh Ambasadóirí Tearmainn na Gaillimhe cuairt ar SN an Chladaigh agus ar SN Chionn Damh i Maigh Eo chun a dturas oideachais a phlé leis na daltaí. Chun páirt a ghlacadh i gClár na Scoileanna Tearmainn, is féidir ríomhphost a chur chuig sanctuary@universityofgalway.ie.

Taobh amuigh den réimse oideachais, tá an Ollscoil Tearmainn ag cur le Straitéis Idirchultúrtha Chathair na Gaillimhe, agus bhí sí ar cheann de bhunaitheoirí Ghrúpa Pobail na Gaillimhe i gCoinne an Chiníochais agus an Idirdehalaithe (CARD). Seoladh CARD Dé Luain, an 20 Márta 2023 chun Lá na Náisiún Aontaithe chun Idirdehalú Ciníoch a Dhíothú a chomórath, agus reáchtáladh slógadh dlúthpháirtíochta i gCathair na Gaillimhe Dé Sathairn, an 25 Márta. Tá ballraíocht sa ghrúpa ag Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (GCP), Gluaiseacht Thaistealaithe na Gaillimhe (GTM), Comhairle Ceardchumann na Gaillimhe, Amach! LGBT+ na Gaillimhe, Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN), i measc grúpaí pobail eile, agus bunaíodh é chun dlúthpháirtíocht phobail a mhéadú chun dúshlán a thabhairt do chiníochas, leithcheal agus scaipeadh na deighilte agus an fhuatha. Chun a bheith bainteach le CARD, is féidir ríomhphost a sheoladh chuig uni.sanctuary@universityofgalway.ie.



Railí Ghrúpa Pobail na Gaillimhe i gCoinne an Chiníochais agus an Idirdehalaithe (CARD) an 25 Márta i gCathair na Gaillimhe (Foinse an ghrianghraif: GCCN)

EU-Passworld

Cuireann comhpháirtíocht tionscadail EU-Passworld in Éirinn idir Ollscoil na Gaillimhe, UNHCR, agus Nasc cur chuige nuálaíoch ar fáil chun bealaí sábháilte agus dleathacha go hÉirinn a chruthú do dhídeanaithe. Trí dheiseanna oideachais a sholáthar bunaithe ar chumas agus ar fhiúntas, cinntíonn an tionscnamh go n-aithnítear dídeanaithe roghnaithe mar mhic léinn idirnáisiúnta, seachas iad a shainiú go príomha de réir a stádas dídeanaí. Tá sé seo tábhachtach d'fhéiniúlacht agus d'indibhidiúlacht an mhic léinn dídeanaithe agus cuireann sé ar a gcumas taithí a fháil ar chomhtháthú sóisialta níos nádúrtha.

I mí na Bealtaine 2023, tháinig páirtithe leasmhara ardoideachais ó naoi gcinn d'ollscoileanna na hÉireann le chéile in Ollscoil na Gaillimhe chun leathnú an chláir seo a phlé agus tuilleadh deiseanna staidéir idirnáisiúnta a chruthú do dhídeanaithe ar fud ollscoileanna na hÉireann. In éineacht leo bhí ceannairí pobail dídeanaithe, baill den tsochaí shibhialta Eorpach agus lucht féachana ar líne ó ar fud na cruinne.

Cuirfidh grúpa áitiúil ceannródaíoch 'Pobal na Gaillimhe' fáilte roimh mhac léinn teifeach chuig Ollscoil na Gaillimhe i Meán Fómhair 2023 le tacaíocht ó Ollscoil na Gaillimhe, UNHCR, Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe, agus Nasc, an tIonad um Chearta na nImlirceach agus na nDídeanaithe. Gheobhaidh an mac léinn scoláireacht iomlán chun tabhairt faoi chlár Máistreachtá múinte i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta. Cuirfidh an grúpa fáilte tacaíocht airgeadais agus sóisialta ar fáil don mhac léinn, cabhróidh sé leo teacht ar sheirbhísí agus socrú síos i saol na hollscoile.



Cruinniú comhpháirtithe EU-Passworld in Ollscoil na Gaillimhe

Tionscadal Mincéirs Misl'd in Education: Neadú Chultúr agus Stair Phobal Taistealaithe na hÉireann

Féachann an tionscadal Mincéirs Misl'd in Education le Taistealaithe na hÉireann a chumhachtú le go mbeidh siad in ann an t-aistriú go dtí oideachas tríú leibhéal a dhéanamh, agus muintearas a aireachtáil ann. Tá comhpháirtithe éagsúla (Ionad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe, Gluaiseacht Thaistealaithe na Gaillimhe, Grúpa Tacaíochta Thaistealaithe Mhaigh Eo, Grúpa Tacaíochta Thaistealaithe Shligigh, Ionad Forbartha Idirchultúrtha Thaistealaithe an Iarthair, TUSLA, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus ionadaithe mac léinn) tagtha le chéile faoi scáth an tionscadail seo féachaint le bealaí a aimsiú chun fáil réidh leis na constaicí atá roimh phobal Taistealaithe na hÉireann rochtain a fháil ar an ardoideachas.

Déanann Ollscoil na Gaillimhe iniúchadh ar thaithí Thaistealaithe na hÉireann ar an Stát

Reáchtáladh comhdháil speisialta in Ollscoil na Gaillimhe chun scrúdú a dhéanamh ar thaithí Thaistealaithe na hÉireann/Mincéir ar an Stát ó 1922 go 2022, tionchair an taithí sin agus na ceachtanna atá le foghlaim. Tharla an ócáid ar an gcampas thar dhá lá – Dé hAoine agus Dé Sathairn, an 16 agus 17 Meán Fómhair 2022.

Mar chuid de Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain, ba iad Patrick Nevin agus Elaine Martin a mhol an chomhdháil agus eagraíodh í i gcomhar le hIonad na hÉireann do Stair an Lucht Saothair agus an Aicme in Ollscoil na Gaillimhe. Scrúdaigh sí taithí Thaistealaithe na hÉireann ar an leatrom ó bunaíodh an stát, ag díriú go mór mór ar ról an stáit maidir le buanú an mhíbhuntáiste.

Dúirt an tAire Catherine Martin: “Tá áthas orm tacú leis an gcomhdháil thábhachtach seo a dhéanann machnamh ar thaithí Thaistealaithe/Mincéir na hÉireann ó bunaíodh Saorstát na hÉireann. D’fháiltigh an Sainghrúpa Comhairleach ar Chomóradh Céad Bliain roimh imeachtaí mar seo, bunaithe ar thaighde agus scoláireacht. Is cuimhneachán cuimsitheach, barántúil, fiúntach agus ómósach é éiteas Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán agus cuireann sé seo deis thráthúil ar fáil chun pobal a chuimsiú, a ndéantar faillí orthu go stairiúil sa chomóradh.”

Bhí clár oibre na comhdhála ildisciplíneach agus rannpháirtíoch. Bhí 70 cainteoir i gceist leis comh maith le dráma, taispeántas beo, dhá thaispeántas eile agus roinnt léirithe, le cur i láthair i bhformáidí éagsúla ina raibh peirspictíochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta le fáil. Bhí gníomhaithe agus tacadóirí na dThaistealaithe/Mincéir, staraithe, béaloideasóirí, síceolaithe, socheolaithe, ealaíontóirí, teoriceoirí cultúir agus daoine eile páirteach ann.

I measc na rannpháirtithe bhí Patrick Nevin, Elaine Martin, Rosaleen McDonagh, Mags Casey, an Dr Sindy Joyce, an Dr Aoife Bhreatnach, Vincent Browne, agus Owen Ward. Thacaigh an Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán leis an gComhdháil.

Ba iad baill Ghrúpa Stiúrtha na Comhdhála ná Patrick Nevin, Elaine Martin, Owen Ward, Sarah Anne Buckley, John Cunningham agus Mary Harris. Aithníonn na comhaltaí rannpháirtíocht Choiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa ar na Romaigh agus na Thaistealaithe agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige, agus Comhairle Ceirdeanna na Gaillimhe.

Tá tuilleadh eolais le fáil anseo <https://mooreinstitute.ie/event/irish-travellers-minceirs-the-state-1922-2022>



Sprioc 5:

Peirspictíocht an chomhionannais a leabú san obair ó lá go lá ar fud na bhfeidhmeanna go léir





Dualgas na hEarnála Poiblí

Tugann Dualgas na hEarnála Poiblí bonn reachtúil do gach comhlacht poiblí chun an comhionannas a chur chun cinn, chun an t-idirdhealú a chosc agus chun cearta an duine a chosaint de réir na naoi bhforas a cuireadh in iúl faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine, mar a shonraítear i dtús báire in Alt 42 den [Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014](#). Tugtar aitheantas go sainráite i straitéis na hOllscoile agus sa straitéis institiúideach EDI do thiomantas uileghabhálach na hOllscoile do Dhualgas na hEarnála Poiblí ó thaobh seirbhís a sheachadadh, ár n-idirghníomhaíochtaí leis an bhfoireann agus le mic léinn, ar fud ár bhfeidhmeanna agus ár gcaidrimh. Bhí an tiomantas seo ina phríomhfhócas do na gníomhartha a rinneadh an bhliain acadúil seo lena n-áirítear cuid de na samplaí seo a leanas, a ndearnadh tagairt do go leor acu in áiteanna eile sa tuarascáil seo:

- Tionscnaimh chun rannpháirtíocht na mac léinn a leathnú faoi stiúir an Ionaid Rochtana;
- Obair an Choiste do Chomhionannas Ciníoch a maidir le próiseas cuimsitheach comhairliúcháin a dhearadh agus a sheachadadh chun foireann agus mic léinn mhionlaigh eitneacha a thabhairt isteach i bhforbairt Creata agus Plean Gnímh do Chomhionannas Ciníoch;
- Tionscnaimh don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht chun inrochtaineacht a fheabhsú ar bhealach ilghnéitheach a chuireann an timpeallacht thógtha agus cumarsáid san áireamh;
- Cur i bhfeidhm ár bPlean Gnímh Institiúidigh Athena Swan agus Comhionannais Inscne 3, chomh maith le hiarratais Scoile, cur i bhfeidhm agus athnuachan Athena Swan;
- Suirbhé Cultúir Institiúideach Athena Swan;
- Cuireadh tús le taighde ar fhorbairt Innéacs Idirdehalaithe Trasnaigh
- Béim ar ár mbonneagar sonraí EDI a fheabhsú; agus
- Breithniú ar impleachtaí comhionannais RIGRAM mar shamhail airgeadais
- Iniúchadh Éagsúlachta ar bhaill Údarás na hOllscoile

Éilíonn Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine measúnú leanúnach ar na bacainní agus ar na dúshláin, aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin agus tuairisciú ar bhonn bliantúil. Is fianaise iad na tionscnaimh a luaitear thuas ar an tiomantas úsáid a bhaint as an dualgas mar bhonn chun comhionannas agus cearta an duine a bhaint amach de réir a chéile. Mar sin féin, tá dúshláin leanúnacha ann a éilíonn comhiarracht chun an tiomantas seo a phríomhshruthú agus a leabú ag gach leibhéal laistigh den Ollscoil. Agus muid ag bogadh isteach sa chéad chéim eile de phleanáil straitéiseach institiúideach agus EDI in 2024, déanfar tuilleadh machnaimh ar chuspóirí 'measúnú a dhéanamh' agus 'aghaidh a thabhairt' ar chur i bhfeidhm dhualgas na hearnála poiblí a neartú.

Iniúchadh modúil le haghaidh ábhar a bhaineann le EDI (CASSCS)

Rinne CASSCS iniúchadh ar a mhéid atá téamaí straitéiseacha éagsúla, lena n-áirítear EDI, leabaithe sa teagasc agus san fhoghlaim. Rinne taighdeoir athbhreithniú ar an 800 modúl ar fad sa Choláiste chun téamaí EDI a aithint agus tacú le comhaltaí foirne atá i mbun na hoibre seo. Ó thaobh EDI de, cuirfidh an taighde leis an eolas atá againn ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Coláiste an sprioc cultúr cuimsitheach agus oscailte a chothú, mar shampla maidir le héagsúlacht a neadú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa taighde.

Sonraí Éagsúlachta

Is cuid lárnach na sonraí de thuiscint a fháil ar an tearcionadaíocht agus ar an míbhuntáiste san ollscoil. In éineacht le heolas cáilíochtúil, cuireann sonraí ar ár gcumas tuiscint níos fearr a fháil ar thaithí saoil ár bpobail.

Agus an clár EDI ag forbairt i gcónaí, tá súil againn bailiú sonraí a fheabhsú chun príomhstaitisticí éagsúlachta a bhunú (féiniúlacht inscne, reiligiún, stádas sibhialta, stádas teaghlai, gnéaschlaonadh, eitneachas, agus míchumas) maidir lenár gcomhaltaí foirne.

Sheol an OVPEDI rannóg nua Éagsúlachta ar an Tairseach Féinseirbhíse d'Fhostaithe (ESS) in 2021 agus táimid ag iarraidh ar chomhghleacaithe a dtréithe éagsúlachta pearsanta a nochtadh faoi rún daingean tríd an Tairseach seo i bpróiseas simplí, a ghlacfaidh thart ar 3 nóiméad. Déantar an t-eolas seo a chur in iúl go deonach agus go rúnda chun cuidiú leis an Ollscoil éagsúlacht agus ionadaíocht i measc na foirne a rianú. Is féidir teacht ar an rannóg faoi Éagsúlacht sa tairseach anseo.

Go dtí seo chuir breis agus 1000 comhghleacaí cuid dá dtréithe éagsúlachta pearsanta nó iad uile ar fáil. Tá sonraí tábhachtach le go mbeimid in ann a thuiscint nuair atá míbhuntáiste agus tearcionadaíocht san ollscoil agus cuirfidh siad ar ár gcumas bearta spriocdhírthe a cheapadh chun dul i ngleic le míbhuntáiste agus chun an míbhuntáiste sin a mhaolú. Faoi láthair, tá bearnaí suntasacha sna sonraí éagsúlachta san ollscoil. Cuireann sonraí éagsúlachta cuimsitheacha ar ár gcumas machnamh a dhéanamh ar an trasnú idir inscne agus eitneacht, inscne agus míchumas agus gnéithe eile den fhéiniúlacht agus muid ag cur ar n-iarrais institiúideacha Athena SWAN i dtoll a chéile, agus machnamh níos leithne a dhéanamh ar thréithe na héagsúlachta.

Bunús Dí

Is príomhghné é bailiú sonraí maidir le héagothroime a aithint, gníomh a thionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas, agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a theastaíonn de réir mar a éilíonn an Earnáil Phoiblí agus an Dualgas ar Chearta an Duine agus Plean Straitéiseach Ollscoil na Gaillimhe don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Chuir Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 le déanaí bunús dlí (faoi réir an Rialacháin um Chosaint Sonraí agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018) faoi Institiúidí Ardoideachais chun sonraí éagsúlachta a thuairisciú don ÚAO lena n-áirítear inscne, eitneachas agus míchumas na gcomhaltaí foirne. Leathnóidh sé seo chuig bailiú agus tuairisciú sonraí pearsanta ar na 9 dtréith chosanta ar fad atá faoi reachtaíocht chomhionannais na hÉireann don ÚAO amach anseo.

Conas a úsáidfeá é?

Déanfar faisnéis phearsanta a nochtar tríd an Tairseach ESS a bhailiú le chéile agus a thuairisciú ar leibhéal institiúideach amháin, agus ní bheidh aon duine inaitheanta sa phróiseas. Tá an fhoireann féin i gceannas ar a bhfaisnéis féin agus féadfaidh siad í a thabhairt cothrom le dáta nó a bhaint am ar bith. Tá ball tiomnaithe den OVPEDI údaraithe chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis seo agus déanfar na sonraí pearsanta go léir a bhainistiú de réir Pholasaí Cosanta Sonraí na hOllscoile, na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus GDPR.

Measúnacht Tionchair Comhionannais

Is próiseas córasach agus fianaise-bhunaithe é Measúnacht Tionchair Comhionannais (EIA) a chuirtear i bhfeidhm ar fhorbairt agus ar athbhreithniú ar pholasaithe agus ar chleachtais na hollscoile chun a chinntiú go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach agus go bhfuil siad cothrom agus cuimsitheach chun freastal ar riachtanais dhlísteanacha na ngrúpaí ilghnéitheacha atá i bpobal na hOllscoile. Cé go bhfuil comhtháthú déanta ar phríomhshruthú an phróisis EIA QA002 Polasaithe agus Nósanna Imeachta, bhí cur i bhfeidhm EIAanna beagán míchothrom go dtí seo sa phróiseas forbartha agus athbhreithnithe polasaí. Neartaíodh an riachtanas chun tabhairt faoi EIA do pholasaithe nua agus athbhreithnithe anois i QA002 Polasaithe agus Nósanna Imeachta. Caithfidh úinéirí polasaí an Fhoirm Measúnaithe Tionchair Chomhionannais a líonadh agus a chur isteach leis an bpolasaí/an gcáipéis deiridh le go ndéanfaidh an comhlacht faofa ábhartha í a fhaomhadh. Soláthróidh an OVPEDI treoir agus eolas dóibh siúd atá i mbun Measúnaithe Tionchair Comhionannais. Tá [Treoirlínte EIA](https://www.universityofgalway.ie/equalityanddiversity/policies-procedures) agus teimpléid ghaolmhara ar fáil ar láithreán gréasáin OVPEDI ag <https://www.universityofgalway.ie/equalityanddiversity/policies-procedures>.

Múnla Leithdháilte Ualaigh Oibre Acadúil

Chuir an grúpa oibre an dréachtpholasaí den Treoir maidir le Leithdháileadh Ualach Oibre Acadúil i gcrích le cúnamh ón Déan Staidéir Iarchéime. Rinne an Chomhairle Acadúil faomhadh go foirmiúil ar an bpolasaí i mí an Mheithimh 2023. De réir na dtreoirlínte caithfidh an Múnla Leithdháilte Ualaigh Oibre Acadúil na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Tá leithdháileadh na hoibre bunaithe ar thosaíochtaí aonair, scoile, coláiste agus institiúide agus tacaíonn sé leo.
- Tá cothromaíocht chúil de ghníomhaíochtaí tugtha don fhoireann, rud a thacaíonn le sláinte agus folláine na foirne.
- Tá próiseas trédhearcach leithdháilte ann agus bíonn deis ag an bhfoireann ionchur i bheith acu i gcinntí maidir le leithdháileadh ualaigh oibre agus an toradh a chur in iúl go soiléir don fhoireann.
- Cuidíonn an leithdháileadh ualaigh oibre leis an bhfórsa saothair a phleanáil agus cinntíonn sé go gcuirtear taighde, scoláireacht, teagasc agus saoránacht ar ardchaighdeán ar fáil ar fud na hOllscoile.

Tá céatadán ama curtha ar leataobh sna treoirlínte do líon na ról institiúideach a bhfuil freagrachtaí breise orthu, chomh maith le ról agus gníomhaíochtaí ceannaireachta agus bainistíochta ar leith.

An Próiseas Athbhreithnithe Bhliantúil

Moltar go ndéanfaidh Scoileanna agus Coláistí athbhreithniú bliantúil ar chleachtais leithdháilte ualaigh oibre agus go mbeidh an cur chuige i leith athbhreithnithe comhaontaithe roimh ré agus curtha in iúl don fhoireann. Ina theannta sin, déanfaidh AD iniúchadh bliantúil ar roinnt Scoileanna, a thuirisceofar d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile chun cothroime, comhsheasmhacht agus cloí leis na prionsabail institiúideacha a chinntiú.

Tosaíochtaí don Bhliain Acadúil 2023/24

Leanann na gnéithe chun straitéisí agus gníomhartha EDI a chur i bhfeidhm ag forbairt trí obair na gcomhghleacaithe laistigh den oifig EDI, Leas-Déin EDI, san Ionad Rochtana, ar an gclár Toilithe* Ghníomhaigh agus comhghleacaithe ar fud na hollscoile.

Baineann na tosaíochtaí ardleibhéil don bhliain seo chugainn le polasaí, dul chun cinn gairme, oiliúint agus méadú feasachta. Áireoidh sé seo athbhreithniú cuimsitheach ar an mbonneagar polasaí don fhoireann agus do mhic léinn maidir le comhionannas agus frith-idirdhealú, chomh maith le foréigean agus ciapadh gnéis. Tacóidh an oifig EDI le hathbhreithniú agus measúnú oibiachtúil ar an scéim arduithe céime acadúla agus é mar aidhm ár bpróisis inmheánacha maidir le dul chun cinn gairme a fheabhsú go leanúnach. Seolfar feachtas institiúideach ardaíthe feasachta in aghaidh an chiníochais faoi choimirce an Chreata agus an Phlean Gnímh do Chomhionannas Ciníochá.



Léargas Achomair ar Chlár Oibre EDI 2023-2024

Glacfaidh gach ceann de na ceithre chlár dearcadh trasnaithe i dtéarmaí anailíse agus cleachtais.

Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht

- Cur i bhfeidhm an Phlean Gnímh don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht
- Glacadh le Polasaí Socruithe Réasúnta do Mhic Léinn
- Feabhas ar Inrochtaineacht na Timpeallachta Tógtha
- Feabhas ar Chumarsáid Inrochtana
- Príomhshruthú teicneolaíochtaí cúnta don teagasc agus don fhoghlaim
- Oiliúint maidir le Feasacht ar Mhíchumas




Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus Freagairt dóibh

- Cur i bhfeidhm an Phlean Ag cur Deireadh le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis
- Oideachas feabhsaithe agus méadú feasachta
- Creat Polasaí Comhtháite d'Fhoréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis
- Oiliúint Túsphointe Teagmhála curtha ar fáil
- Comhoibriú leis an gclár Toilithe* Ghníomhaigh
- Tionscadal UniSAFE




Comhionannas Inscne

- Seoladh agus Forfheidhmiú an Chreata agus an Phlean Gnímh do Chomhionannas Ciníochais
- Forbairt ar fheachtas institiúideach Frithchiníochais
- Oiliúint frithchiníochais a chur ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn
- Tacú le ceannaireacht ag gach leibhéal
- Tacaíocht don Líonra Foirne Idirnáisiúnta
- Díchoilíniú, scoláireacht agus curaclam



Comhionannas Ciníochais

- Cur i bhFeidhm an Phlean Gnímh don Chomhionannas Inscne 3
- Feidhm, Forfheidhmiú agus Athnuachan Athena Swan
- Foireann Féinmheasúnaithe Institiúideach a chur le chéile don Iarratas Airgid
- Cur i bhfeidhm bearta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a laghdú
- Líonra Seaimpíní Athena Swan
- Tacaíocht do Líonra Ban na hOllscoile
- Tacaíocht don Líonra Foirne LGBT+
- Oiliúint i bhFéiniúlacht Inscne



Go raibh maith agat

Tá an t-ádh orainn go bhfuil ceannaireacht chróga agus thiomanta againn ar fud na hOllscoile chun cabhrú leis na hathruithe riachtanacha a bhrú chun cinn chun comhionannas agus cuimsiú a bhaint amach de réir a chéile, chomh maith le héagsúlacht a cheiliúradh. Ba mhaith leis an bhfoireann EDI ár mbuíochas a chur in iúl don fhoireann, do mhic léinn agus dár gcomhpháirtithe seachtracha agus dár gcomhoibritheoirí as a dtiomantas leanúnach do chur chun cinn an chlár EDI, go straitéiseach agus go praiticiúil.





Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú – Tuarascáil Bhliantúil 2022/23

Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais,
Éagsúlachta agus Cuimsithe
Ollscoil na Gaillimhe
Bóthar na hOllscoile
Gaillimh

Ríomhphost: OVPEDI@universityofgalway.ie